An Roinn Oideachais
Department of Education

COLÁISTE GHOBNATAN
BAILE MHIC ÍRE, CO. CHORCAÍ

cetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí
Cork Education and Training Board

# Plean Freagartha COVID-19 le haghaidh Athoscailt Shábháilte Inbhuanaithe Coláiste Ghobnatan.

**Faomhaithe ag an mBord Bainistíochta**

**ar an 25ú Lúnasa 2021**

V5 Lúnasa 2021

3

**Clár Ábhar**


1) Réamhrá
2) Cad is Plean Freagartha COVID-19 Scoile ann?
3) Polasaí COVID-19 na Scoile
4) Pleanáil agus Ullmhú don Fhilleadh ar an Scoil
    4.1) Oiliúint Ionduchtúcháin
    4.2) Nós Imeachta chun Filleadh ar Obair (NIFO)
    4.3) Príomhionadaí Oibrithe (PO)
    4.4) Comharthaí le haghaidh Taispeána
    4.5) Leagan amach na scoile a athrú
    4.6) Measúnú Sábháilteachta agus Riosca a Nuashonrú
    4.7) Rochtain ar an Scoil agus Log Teagmhála
5) Bearta Rialaithe – Chun tabhairt isteach agus scaipeadh COVID-19 i Scoileanna a Chosc
    5.1) Bíodh Comharthaí COVID-19 ar eolas agat
    5.2) Sláinteachas Riospráide
    5.3) Sláinteachas Lámh
    5.4) Scaradh Fisiciúil
    5.5) Úsáid TCP i Scoileanna
6) Tionchar COVID-19 ar ghníomhaíochtaí scoile áirithe
7) Sláinteachtas agus Glantachán i Scoileanna
8) Déileáil le cás amhrasta
9) Dualgais Foirne
10) Bainistíocht Neamhláithreachta
11) Clár um Chúnamh agus Fholláine Fostaithe


Is doiciméad beo é seo agus féadfar é a athbhreithniú agus a leasú chun treoir nua ó www.Gov.ie, www.dbei.ie , www.hse.ie, www.hpsc.ie, www.hsa.ie; www.education.ie a chur san áireamh, é seo nó comhaontuithe le comhpháirtithe oideachais de réir mar is cuí do iar-bhunscoileanna.

## Aguisíní

| | |
|---|---|
| **Aguisín 1** | Teimpléad i gcomhair Ráiteas Polasaí Scoile COVID-19 |
| **Aguisín 2** | Foirm um Fhilleadh ar an Obair |
| **Aguisín 3** | Príomhionadaí Oibrithe |
| **Aguisín 4** | Measúnú Riosca |
| **Aguisín 5** | Loga Rianaithe Teagmhála Scoile |
| **Aguisín 6** | Seicliosta do Bhainisteoirí Scoile |
| **Aguisín 7** | Seicliosta chun Déileáil le Cás Amhrasta do COVID-19 |
| **Aguisín 8** | Seicliosta le haghaidh Príomhionadaí Oibrithe |
| **Aguisín 9** | Seicliosta Glantacháin |

## 1) Réamhrá

Ní mór Plean Freagartha COVID-19 a bheith ag gach ionad oibre de réir an Phrótacail Oibre Sábháilte. Chomh maith le bheith ina n-áiteanna foghlama, is áiteanna oibre iad scoileanna freisin.

Is é cuspóir an doiciméid seo treoir shoiléir agus chabhrach a chur ar fáil don fheidhmiú sábháilte trí COVID-19 a chosc, a bhrath go luath agus a choimeád faoi smacht in iar-bhunscoileanna. Tugtar ann príomhtheachtaireachtaí chun baol COVID-19 a íoslaghdú don fhoireann, do scoláirí, do theaghlaigh agus don phobal i gcoitinne agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le hoideachas ar mhaithe le sláinte agus le folláine na scoláirí agus na sochaí ina hiomláine.

Sa doiciméad seo dírítear ar na céimeanna praiticiúla is féidir a ghlacadh in iar-bhunscoileanna chun an baol go dtabharfaí an t-ionfhabhtú isteach i scoileanna a íoslaghdú agus ag an am céanna a aithint nach bhfuil aon ghníomhaíocht idirphearsanta ann nach mbaineann aon bhaol léi go dtarchuirfí ionfhabhtú am ar bith. Tacaíonn an chomhairle sláinte poiblí a sholáthraíonn an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC) leis na doiciméid agus na teimpléid sa leabhrán seo chun scoileanna agus áiseanna oideachais a athoscailt go sábháilte.

Tá an tuarascáil sin ar fáil anseo.

Ceann de na príomhdhúshláin is ea cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le leibhéal aire praiticiúil ciallmhar agus an gá le timpeallacht thacúil a chur ar fáil don teagasc agus don fhoghlaim. Aithnítear sa doiciméad seo na céimeanna is féidir le scoileanna a ghlacadh chun gach rud praiticiúil a dhéanamh chun a sheachaint go dtabharfaí COVID-19 isteach sa scoil agus na céimeanna is féidir a ghlacadh chun an dóchúlacht go scaipfí laistigh den scoil féin é a laghdú sa chás go dtabharfaí COVID-19 isteach sa scoil.

D'oibrigh an Roinn go dian leis na comhpháirtithe oideachais chun pleananna, comhairle, prótacail agus treoir chomhsheasmhacha a fhorbairt do scoileanna, lena n-áirítear Plean Freagartha COVID-19 Scoile. Tá sraith cáipéisí ar fáil chun tacú le scoileanna leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go sábháilte agus go hiomlán lena n-áirítear treoir maidir le foghlaim, cláir scoile agus folláine don scoilbhliain 2020/21. Tá eolas ann freisin ar mhaoiniú, ar sholáthar foirne agus ar acmhainní do scoileanna chun tacú le bearta COVID-19. Moltar do scoileanna eolas a chur ar na doiciméid seo. Beidh na doiciméid go léir ar fáil ag gov.ie/filleadharscoil

## 2) Cad is Plean Freagartha COVID-19 ann?

Tá Plean Freagartha Covid-19 deartha chun tacú leis an bhfoireann agus leis an mBord Bainistíochta / Bord Oiliúna agus Oideachais (BOO) chun bearta a chur i bhfeidhm atá dírithe ar scaipeadh Covid-19 a chosc i dtimpeallacht na scoile.

Sonraítear i bPlean Freagartha Covid-19 na polasaithe agus na cleachtais is gá do scoil a bheith aici chun *'Prótacal Obair go Sábháilte'* an Rialtais chomhlíonadh a chun tabhairt isteach agus scaipeadh Covid-19 i dtimpeallacht na scoile a chosc.

Tá sé tábhachtach go mbeadh teagasc agus foghlaim scoilbhunaithe agus feidhmiú scoileanna ag teacht leis na doiciméid chomhairle agus treorach maidir le sláinte phoiblí a d'ullmhaigh an Roinn. Laghdaíonn sé sin an riosca do scoláirí, don fhoireann agus do dhaoine eile. Tacaíonn an plean freagartha le feidhmiú inbhuanaithe scoileanna inarb é an príomhchuspóir sláinte na foirne agus na scoláirí a chosaint agus riachtanais oideachais agus forbartha na scoláirí sa scoil á gcur chun cinn ag an am céanna. Is doiciméad beo é plean freagartha COVID-19 agus déanfar é a nuashonrú de réir na comhairle sláinte phoiblí mar is cuí d'iar-bhunscoileanna.

I gcomhréir leis an bPrótacal um Obair a Dhéanamh go Sábháilte, tá cumarsáid láidir agus cur chuige comhoibritheach comhroinnte idir an BB/BOO, an fhoireann, na daltaí agus na tuismitheoirí fíorthábhachtach chun a chinntiú gur áit shábháilte.í an scoil

Tá cúnamh agus comhoibriú na foirne, na scoláirí, na dtuismitheoirí, na gconraitheoirí agus na gcuairteoirí go léir ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an bplean.

*Déantar gach iarracht cruinneas na faisnéise a chuirtear ar fáil sa doiciméad seo a chinntiú. Mar sin féin, má aithnítear earráidí nó easnaimh, cuir in iúl dúinn iad ionas gur féidir bearta iomchuí a dhéanamh chun iad a cheartú.*

## 3) Polasaí COVID-19 na Scoile

Leagtar amach i bpolasaí COVID-19 tiomantas leanúnach na scoile an plean a chur i bhfeidhm agus cabhrú chun tabhairt isteach agus scaipeadh an víris a chosc. Síneoidh cathaoirleach agus príomhoide an Bhoird Bhainistíochta / an BOO polasaí nuashonraithe athbhreithnithe agus cuirfidh siad dáta leis, agus díreofar aird na foirne, na scoláirí, na dtuismitheoirí agus aird daoine eile air. Ní mór polasaí COVID-19 a bheith i bhfeidhm ag scoileanna sula n-osclófar scoileanna don scoilbhliain 2020 / 21. Tá teimpléad polasaí Scoile COVID-19 ar fáil ag ***Aguisín 1.***

## 4) Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú sábháilte scoileanna

Tá sé mar aidhm ag an BOM / BOO leanúint orthu ag éascú an teagaisc agus na foghlama scoilbhunaithe agus ag cinntiú timpeallacht shábháilte oibre don fhoireann. Ní mór feidhmiú scoileanna a dhéanamh go sábháilte agus cloí go docht leis an gcomhairle sláinte phoiblí agus le haon treoir a eisíonn an Roinn Oideachais.

Tá sonraí maidir le feidhmiú sábháilte na scoileanna agus na rialuithe is infheidhme leagtha amach sa doiciméad seo. Sula n-osclófar scoileanna don scoilbhliain 2020 / 21, beidh ar gach scoil a gcuid próisis reatha a athbhreithniú lena chinntiú go n-áireofar an méid seo a leanas iontu::

- Socruithe le bheith cothrom le dáta maidir le comhairle sláinte poiblí agus nuashonruithe ón Roinn Oideachais;
- Socruithe chun an t-eolas seo a chur ar aghaidh go tráthúil chuig an bhfoireann, scoláirí, tuismitheoirí agus daoine eile de réir mar is gá;
- Cinntithe go bhfuil athbhreithniú déanta ag an bhfoireann ar na hábhair oiliúna a chuireann an Roinn Oideachais ar fáil ***(sonraí ag Cuid 4.1*****);**

- Rochtain tugtha don fhoireann ar an bhfoirm um Fhilleadh ar an Obair ***(sonraí ag Cuid 4.2);***
- Príomhionadaí / príomhionadaithe na n-oibrithe a bheith aitheanta ***(sonraí ag Cuid 4.3);***
- Póstaeir agus comharthaí eile curtha ar taispeáint chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus scaipeadh COVID-19 ***(sonraí ag Cuid 4.4);***
- Na hathruithe riachtanacha ar leagan amach na scoile nó an tseomra ranga a bheith déanta más gá chun tacú le hathdhearadh seomraí ranga a chabhróidh le scaradh fisiciúil ***(sonraí ag Cuid 4.5);***
- Tranglam nach bhfuil gá leis a bheith tóghtha ar shiúl chun glanadh leanúnach na scoile a éascú ag tabhairt san áireamh an tábhacht a bhaineann le hábhair oideachais a bheith ann chun timpeallacht spreagúil foghlama a chruthú;
- An measúnú riosca sláinte agus sábháilteachta a bheith tughta cothrom le dáta ***(sonraí ag Cuid 4.6)***;
- Socruithe riachtanacha a bheith déanta chun rochtain ar an scoil a shrianadh go cuairteoirí riachtanacha agus taifid teagmhálacha leis an scoil a choinneáil ***(sonraí ag 4.7)***;
- Athbhreithniú a bheith déanta ar fhoirgnimh na scoile chun an méid seo a leanas a sheiceáil tar éis aon tréimhse dhúnta:
    - An bhfuil gá leis an gcóras uisce a shruthlú ag na poill éalaithe tar éis úsáid íseal chun galar Legionella a chosc;
    - An ndearnadh trealamh scoile agus aeráil mheicniúil a sheiceáil le fáil amach an bhfuil aon chomharthaí meathlaithe nó damáiste air sula n-úsáidtear arís é;
    - Ar cuireadh tús arís le bailiúcháin araidí agus seirbhísí riachtanacha eile?

<u>Tá seicliostaí ar fáil in Aguisíní an phlean seo chun cabhrú le scoileanna maidir le sonraí ar a bhfuil ag teastáil le haghaidh na socruithe seo.</u>

## 4.1) <u>Oiliúint Ionduchtúcháin (le comhlánú ag gach iarratasóir)</u>

Tabharfaidh gach ball foirne faoi Oiliúint Ionduchtaithe Covid-19 agus cuirfidh siad i gcrích í sula bhfillfidh siad ar fhoirgneamh na scoile. Is é is aidhm don oiliúint sin a chinntiú go mbeidh eolas agus tuiscint iomlán ag an bhfoireann ar na nithe seo a leanas:

- Comhairle agus treoir is déanaí maidir le sláinte phoiblí
- Comharthaí Covid-19
- Cad atá le déanamh má thagann comharthaí Covid-19 ar bhall foirne nó ar scoláire agus iad ar scoil
- Breac-chuntas ar an bplean freagartha Covid-19

Coimeádfar an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoi na bearta rialaithe atá i bhfeidhm sa scoil agus faoina ndualgais agus a bhfreagrachtaí maidir le scaipeadh COVID-19 a chosc agus déanfar iad a nuashonrú le haon athruithe ar na bearta rialaithe nó ar an treoir atá ar fáil ó na húdaráis sláinte poiblí.

Más rud é nach bhfuil ball foirne cinnte faoi ghné ar bith den Phlean Freagartha COVID-19, na bearta rialaithe a ghabhann leis nó faoina c(h)uid dualgas ba cheart dó / di treoir a lorg láithreach ón bPríomhoide a fhaigheann tacaíocht sa ról seo ón mBord Bainistíochta / BOO.

## 4.2) Nós Imeachta chun Filleadh ar Obair (NIFO)

Chun filleadh ar an ionad oibre, ní mór don fhoireann foirm **Um Fhilleadh ar an Obair (RTW)** a chomhlánú. Tá sí ar fáil go leictreonach nó ón bpríomhoide. Tá cóip ceangailte freisin ag ***Aguisín 2.***

Ba chóir foirm RTW a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chun na scoile roimh fhilleadh ar an obair. Ba chóir do scoileanna a iarraidh ar fhoireann na scoile a dheimhniú nach bhfuil aon athrú ar na mionsonraí san Fhoirm Filleadh ar an Obair i ndiaidh tréimhsí eile dúnta amhail laethanta saoire scoile.

Soláthróidh an príomhoide sonraí faoin **Oiliúint Ionduchtúcháin** atá le críochnú ag an bhfoireann agus sonraí faoi aon bhearta sláinte agus sábháilteachta breise atá i bhfeidhm sa scoil chun filleadh an bhaill foirne ar an scoil a éascú.

Tá na socruithe oibre a bhaineann le baill foirne scoile fíor-ardphriacail ag teacht leis na socruithe sin a bhfuil feidhm acu maidir leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne, agus tugtar mionsonraí ina leith sna ciorcláin ábhartha de chuid na Roinne Oideachais atá ar fáil ar laithreán gréasáin na Roinne.

## 4.3) Príomhionadaí Oibrithe (PO)

Déantar foráil sa phrótacal go gceapfar Príomionadaí na nOibrithe i ngach ionad oibre. Beidh príomhionadaí na n-oibrithe (PIO) ag obair i ndlúthpháirtíocht leis an bhfostóir chun cabhrú le bearta a chur i bhfeidhm maidir le scaipeadh COVID-19 a chosc agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbearta sin agus chun a bheith rannpháirteach i gcraobhscaoileadh comhairle sláinte atá cothrom le dáta i dtaca le COVID-19 sa láthair oibre.

Leagtar amach sa chuid seo conas a oibreoidh na forálacha i ndáil le scoileanna. Thángthas ar chomhaontú go lárnach idir an Roinn Oideachais agus páirtnéirí an oideachais maidir leis an bpróiseas lena ndéantar phríomhionadaí na n-oibrithe sna scoileanna a cheapadh.

Tá an fhreagracht as forbairt, nuashonrú agus cur i bhfeidhm Phlean Freagartha Covid-19 agus na mbeart rialaithe a ghabhann leis ar an mBord Bainistíochta / BOO agus ar fhoireann bainistíochta na scoile.

Tá barrthábhacht ag baint le teagmháil sheasmhach agus le cur chuige comhroinnte comhoibríoch mar chosaint in éadan tabhairt isteach agus scaipeadh COVID-19 sna scoileanna, agus le haire a thabhairt do shláinte, sábháilteacht agus folláine na foirne agus na ndaltaí. Ní éireoidh linn cloí leis an bPrótacal um Obair a Dhéanamh go Sábháilte ach amháin má bhíonn freagracht chomhroinnte ar gach duine na bearta atá sa Phrótacal a chur i bhfeidhm ina n-áit oibre.

Má bhíonn aon imní ar aon bhall den fhoireann, nó má bhíonn aon tuairimí acu maidir le Plean Freagartha COVID-19, bearta rialaithe nó an chaoi a bhfuil baill foirne, scoláirí nó daoine eile, ag cloí leis na bearta sin, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh le Príomhionadaí na nOibrithe. Déanfaidh siad siúd teagmháil leis an bPríomhoide nó le bainistíocht na scoile.

## Ról Príomhionadaí na nOibrithe

Go hachomair, is é ról Príomhionadaí na nOibrithe:

- Ionadaíocht a dhéanamh ar an bhfoireann uile san ionad oibre beag beann ar ról, agus a bheith ar an eolas faoi shaincheisteanna sonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith cohórt foirne éagsúla;
- Oibriú i gcomhar le bainistíocht na scoile chun sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe a chinntiú, a mhéid agus is indéanta le réasún, maidir le COVID-19;
- Coinneáil bord ar bord leis an gcomhairle sláinte phoiblí is déanaí i leith COVID-19;
- Dea-chleachtais sláinteachais a chur chun cinn i gcomhar le bainistíocht na scoile, cosúil le lámha a ní go rialta agus dea-bhéasaíocht riospráide a choimeád chomh maith le bheith ag cloí le scaradh sóisialta de réir comhairle sláinte phoiblí.
- Cabhrú le bainistíocht na scoile bearta a chur i bhfeidhm chun COVID-19 a choimeád faoi chois san áit oibre de réir an Phrótacail um Obair a Dhéanamh go Sábháilte agus comhairle sláinte phoiblí reatha;
- Monatóireacht a dhéanamh, i gcomhar le bainistíocht na scoile, ar chomhlíonadh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a chosc.
- Athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar bhearta sábháilteachta atá i bhfeidhm
- Aon ábhar imní a thuairisciú láithreach do bhainistíocht na scoile agus taifid a choinneáil ar a leithéid de shaincheisteanna agus ar na bearta a glacadh chun iad a chur i gceart.
- Dul i gcomhairle le bainistíocht na scoile maidir le Plean Freagartha COVID-19 na scoile más rud é go dtagann COVID-19 ar dhuine le linn dó / di a bheith ar scoil, lena n-áirítear suíomh limistéar leithlisithe agus bealach sábháilte chuig an limistéar seo;
- Tar éis teagmhas ar bith, measúnú a dhéanamh i gcomhar le bainistíocht na scoile, ar obair leantach ar bith atá riachtanach;
- Dul i gcomhairle le comhghleacaithe maidir le hábhair a bhaineann le COVID-19 san ionad oibre.
- Uiríll a dhéanamh chuig bainistíocht na scoile thar ceann a gcomhghleacaithe maidir le hábhair a bhaineann le COVID-19 san ionad oibre.

Ceapfaidh gach scoil duine amháin ina Phríomhionadaí na nOibrithe.

| ***Ainm(neacha) Príomhionadaí na nOibrithe:*** | ***Sonraí Teagmhála:*** |
|---|---|
| Dan Ó Céilleachair | oifig@colaisteghobnatan.ie |

Tá freagracht ar gach ball foirne, scoláire, tuismitheoir, conraitheoir agus cuairteoir, mar dhaoine aonair agus i dteannta a chéile araon, aird chuí a thabhairt ar a sláinte agus a sábháilteacht féin agus ar shláinte agus sábháilteacht daoine eile agus cabhrú chun Plean Freagartha COVID-19 agus na bearta cosc agus rialú ionfhabhtuithe a ghabhann leis a chur i bhfeidhm.

Tá sonraí iomlána na socruithe a bhaineann le Príomhionadaí na nOibrithe in iar-bhunscoileanna leagtha amach ag ***Aguisín 3.***

## 4.4) Comharthaíocht

Ní mór do scoileanna comharthaíocht a thaispeáint chun comharthaí agus airíonna COVID-19 a léiriú agus chun tacú le dea-shláinteachas láimhe agus riospráide.

Féach an nasc thíos leis na póstaeir seo. Is féidir soláthar ar bith den chineál seo a lorg ar bhonn áitiúil.

**https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Fograí/comhairle-o-fss-maidir-le-coronavirus.html#1**

Féadfaidh scoileanna socrú a dhéanamh na póstaeir a thaispeáint in áiteanna tábhachtacha ar nós oifigí, pasáistí, seomraí foirne agus i leithris.

## 4.5) Athruithe a dhéanamh ar leagan amach na Scoile

Moltar scaradh fisiciúil a choinneáil i dtimpeallacht na scoile mar cheann de na príomhbhearta rialaithe chun an baol go dtabharfaí isteach agus go scaipfí COVID-19 a íoslaghdú. Tá faisnéis faoin gcaoi ar féidir fadú fisiceach a úsáid i dtimpeallacht na scoile le fáil i ***Roinn 5.4*** thíos lena n-áirítear nasc leis an tsraith de leagan amach léiritheach iar-bhunscoile.

Is féidir le scoileanna seomraí ranga agus áiteanna eile sa scoil a athchumrú de réir mar is gá chun tacú le scaradh fisiceach de réir na treorach.

## 4.6) Measúnú Riosca Sláinte agus Sábháilteachta

Is guais é COVID-19 i gcomhthéacs sláinte agus sábháilteachta i dtimpeallacht na scoile. Tá teimpléad measúnú riosca chun na bearta rialaithe riachtanacha chun an baol COVID-19 i suíomhanna scoile a mhaolú ceangailte ag ***Aguisín 4.***

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh scoileanna athbhreithniú ar a nósanna imeachta éigeandála a bhaineann le sábháilteacht dóiteáin, garchabhair, timpistí agus tarluithe contúirteacha chun aon rioscaí nua a thagann chun cinn mar gheall ar Phlean Freagartha COVID-19 na scoile a mheas. Ba cheart aon athruithe ar nósanna imeachta éigeandála atá ann cheana féin a dhoiciméadú agus a chur san áireamh i ráiteas sábháilteachta na scoile.

Ba cheart do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh freisin ar a measúnuithe riosca atá ann cheana féin chun aon rioscaí nua a thagann chun cinn mar gheall ar Phlean Freagartha COVID-19 na scoile a mheas. Ba cheart aon athruithe ar mheasúnuithe riosca reatha na scoile a dhoiciméadú agus a chur san áireamh i ráiteas sábháilteachta na scoile

### Garchabhair/nós imeachta éigeandála

Leanfaidh an nós imeachta caighdeánach Garchabhrach / éigeandála de bheith i bhfeidhm i scoileanna. I gcás éigeandála nó i gcás teagmhas tromchúiseach, ba cheart do scoileanna

glaoch ar otharcharr nó ar an mbriogáid dóiteáin ag 112 / 999 agus sonraí a thabhairt faoi shuíomh agus cineál an teagmhais leighis.

## 4.7) Rochtain ar an Scoil agus Loga Teagmhála

Beidh rochtain ar fhoirgneamh na scoile ag teacht le nósanna imeachta scoile comhaontaithe.

Beidh socrú srianta ann do chuairteoirí riachtanacha ar nós conraitheoirí agus tuismitheoirí sa mhéid nach gceadaítear cuairteanna ach chun críche cuspóirí fíor-riachtanacha agus dóibh siúd amháin a fuair cead roimh ré ón bpríomhoide. Féadfar freisin go mbeidh gá ag Cigireacht na Roinne Oideachais cuairt a thabhairt ar scoileanna agus ar ionaid oideachais chun tacú leo mar is iomchuí i dtaca le comhairle sláinte poiblí a chur i bhfeidhm maidir le timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a chruthú do chách agus i dtaca le hatosú gnáthchigireachtaí i rith na scoilbhliana 2021/22.

Is céim ríthábhachtach é daoine ionfhabhtaíocha a aithint agus a leithlisiú chun scaipeadh an víris a shrianadh agus sláinte agus sábháilteacht na ndaoine iad féin agus na mball foirne, na gconraitheoirí agus na gcuairteoirí uile a chosaint san ionad oibre. Is ceart loga mionsonraithe síniú isteach / amach a choinneáil de dhaoine a thagann isteach i saoráidí na scoile. Ba chóir don scoil loga a choinneáil faoi theagmhálacha foirne agus scoláirí. Tá loga teagmhála samplach ar fáil ag ***Aguisín 5.***

Tá treoir tugtha ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le cosaint sonraí i ndáil leis na prótacail um fhilleadh ar an obair. Is féidir an chomhairle seo a fháil anseo:

https://www.dataprotection.ie/sites/default/files/uploads/2020-07/Data%20Protection%20implications%20of%20the%20Return%20to%20Work%20Safely%20Protocol.pdf

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna nach mór gach taifead agus sonraí scoile a choinneáil agus a phróiseáil i gcomhréir leis an RGCS agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Is ar gach scoil (nó BOO) atá an fhreagracht an reachtaíocht a chomhlíonadh ina gcáil mar rialaitheoir sonraí.

# 5) Bearta um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe - Chun Tabhairt isteach agus Scaipeadh COVID-19 i Scoileanna a chosc

Ar cheann de na príomhtheachtaireachtaí chun rioscaí COVID-19 a bhainistiú áirítear gach rud praiticiúil a dhéanamh chun tabhairt isteach COVID-19 sa scoil a sheachaint. Mura dtugtar ionfhabhtú isteach ní féidir é a scaipeadh. Tá an baol ann go scaipfear an t-ionfhabhtú nuair a thugtar isteach é i ngach idirghníomhaíocht idirphearsanta; scoláire - scoláire, múinteoir - múinteoir agus múinteoir- scoláire, agus ní mór é a bhainistiú i ngach suíomh.

Cuireadh réimse beart rialaithe riachtanach i bhfeidhm chun an baol go scaipfear víreas COVID-19 a laghdú agus chun sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne, na scoláirí, na

dtuismitheoirí agus na gcuairteoirí a chosaint a mhéid is féidir laistigh den scoil. Leanfar de na bearta rialaithe a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá ar bhonn leanúnach.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an fhoireann, na scoláirí, na tuismitheoirí agus na cuairteoirí ar an eolas faoi na bearta rialaithe atá leagtha amach, go gcloíonn siad leo agus go gcomhoibríonn siad go hiomlán le gach riachtanas sláinte agus sábháilteachta.

Is iad na dóigheanna is fearr chun scaipeadh COVID-19 a chosc i láthair oibre nó in aon suíomh an scaradh fisiceach a chleachtadh, an sláinteachas láimhe a ghlacadh, an bhéasaíocht riospráide a leanúint agus an aeráil a mhéadú.

*Ba chóir don fhoireann tabhairt faoi deara go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu faoi Alt 13 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 ceanglais sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh agus cúram réasúnach a ghlacadh ar mhaithe lena sláinte agus sábháilteacht féin, a gcomhghleacaithe agus páirtithe eile san ionad oibre.*

### *Conas an Baol go dtabharfaí COVID-19 isteach i scoileanna a íoslaghdú:*

Feasacht ar chomharthaí COVID-19 a chur chun cinn (***sonraí ag Cuid 5.1)****;*

- A iarraidh ar bhaill foirne agus ar scoláirí a bhfuil comharthaí acu gan freastal ar scoil, glaoch a chur ar a ndochtúir agus treoir FSS a leanúint maidir le féin-leithlisiú;
- A iarraidh ar an bhfoireann agus ar na scoláirí féin-leithlisiú nó srian a chur ar a ngluaiseachtaí sa bhaile má thagann aon chomharthaí nó comharthaí COVID-19 orthu agus teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh chun tástáil a shocrú
- Cuir comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí glacadh le comhairle ó FSS más dhlúth-theagmháil iad le cás amhrasta / dearbhaithe COVID-19.
- Má thaistil siad lasmuigh d’Éirinn; i gcásanna mar sin moltar do bhaill foirne agus mic léinn féachaint ar an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le taisteal ar an gcoigríoch agus cloí léi.
- A iarraidh ar bhaill foirne agus ar na scoláirí a dtagann comharthaí orthu agus iad ar scoil, é sin a chur ar a shúile don phríomhoide go pras;
- A chinntiú go bhfuil an prótacal chun cás amhrasta COVID-19 a bhainistiú ar scoil ar eolas ag an bhfoireann agus ag na scoláirí ***(sonraí ag Cuid 8)***;
- A iarraidh ar bhaill foirne agus ar scoláirí comhoibriú le haon oifigigh sláinte phoiblí agus leis an scoil chun críocha rianú teagmhála agus aon chomhairle sláinte phoiblí a leanúint má tharlaíonn cás nó ráig sa scoil;
- Ní mór do gach duine a thagann isteach i bhfoirgneamh na scoile sláinteachas lámh a dhéanamh leis an díghalrán lámh.
- A thabhairt le fios gur chóir chuairteanna ar an scoil i rith an lae a shocrú roimh ré agus gur chóir bualadh le cuairteoirí ag pointe teagmhála ar leith;
- Ba chóir scaradh fisiciúil 2 mhéadar a choinneáil idir baill foirne agus cuairteoirí nuair is féidir.

## 5.1) Bíodh Comharthaí COVID-19 ar eolas agat

Chun scaipeadh COVID-19 a chosc, tá sé tábhachtach a bheith eolach ar chomharthaí an choróinvíris agus iad a aithint (lena n-áirítear athraitheach DELTA).

I measc na gcomharthaí coitianta a bhaineann leis an gcoróinvíreas tá:

- fiabhras (teocht ard - 38 céim Celsius nó os a chionn)
- casacht nua - casacht de chineál ar bith, seachas casacht thirim amháin
- gearranáil nó deacrachtaí anála
- boladh nó blaiseadh caillte nó athraithe – ciallaíonn sé seo gur thug tú faoi deara nach féidir leat aon rud a bholadh nó a bhlaiseadh, nó nach bhfuil boladh nó blaiseadh rudaí mar a bhíonn de ghnáth.
- Tuirse
- Tinneas agus Pianta

I measc na gcomharthaí neamhchoitianta eile a bhaineann leis an gcoróinvíreas tá:

- scornach thinn
- tinneas cinn
- Srón ag sileadh nó plúchta
- Ag mothú tinn nó ag cur amach
- buinneach

Is féidir le breoiteacht, ó éadrom go trom agus, i gcásanna áirithe, a d'fhéadfadh sé a bheith marfach, teacht ón ionfhabhtú a bhaineann leis an víreas is cúis le COVID-19. D'fhéadfadh go dtógfadh sé suas le 14 lá sula mbíonn na siomptóim le feiceáil. D'fhéadfadh na siomptóim a bheith ar aon dul le slaghdán agus fliú.

Má tá aon airíonna COVID-19 (an coróinvíreas) le sonrú ort, déantar tú féin a leithlisiú (fan i do sheomra) agus cuir scairt ar do dhochtúir teaghlaigh láithreach bonn le fáil amach an dteastaíonn tástáil COVID-19 saor in aisce uait.

Nuair a fhaightear diagnóis go luath, is féidir leat an cúnamh a bhíonn de dhíth ort a fháil agus céimeanna a ghlacadh chun cosc a chur le scaipeadh an víris, má bhíonn sé agat.

Chun breathnú ar liosta iomlán na siomptóm, féach láithreán gréasáin FSS. D'fhéadfadh na comharthaí athrú agus dá bhrí sin moltar athbhreithniú rialta a dhéanamh ar Shuíomh Gréasáin FSS. **Mura bhfuil** airíonna le sonrú ort, is féidir leat tástáil COVID-19 (coróinvíreas) a fháil saor in aisce in ionad tástála siúil isteach COVID-19.

### Aip Rianaithe COVID-19

Is aip don fhón póca atá saor in aisce agus éasca a úsáid í aip rianúcháin COVID-19 a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

- tú a chur ar d’airdeall má bhí tú i ndlúth-theagmháil le duine ar a ndearnadh tástáil dhearfach maidir le COVID-19 (coróinvíreas)
- úsáideoirí eile na haipe a choinneáil sábháilte trí iad a chur ar a n-airdeall má dhéantar tástáil dhearfach ort féin maidir le COVID-19
- comhairle a chur ort ar cad ba cheart duit a dhéanamh má tá siomptóim ort

Is féidir leat an aip a íoslódáil saor in aisce ó Apple's AppStore nó ó GooglePlay store

**Ní foláir d’fhostóirí agus d’oibrithe iad féin a choinneáil ar an eolas faoi eolas Sláinte Poiblí mar gur féidir é a nuashonrú ar bhonn rialta.** Tá eolas Sláinte Poiblí maidir le gartheagmhálaithe, teagmháil fhánach agus tástáil ar fáil ar laithreáin gréasáin an FSS.

## 5.2) Sláinteachas Riospráide

Bí cinnte go gcloíonn tú, agus na daoine timpeall ort, le sláinteachas maith riospráide. Ciallaíonn sé sin go gclúdaíonn tú do bhéal agus do shrón le ciarsúr páipéir nó le d’uillinn lúbtha agus tú ag casacht nó ag ligean sraoth. Ansin cuir an ciarsúr páipéir úsáidte de láimh láithreach go sábháilte i mbosca bruscair in aice leat.

Trí shláinteachas riospráide maith a leanúint, cosnaíonn tú na daoine timpeall ort ar víris ar nós fuachta, fliú agus Covid-19.

## 5.3) Sláinteachas Lámh

Ba chóir don fhoireann agus do na scoláirí a thuiscint cén fáth go bhfuil sláinteachas lámh tábhachtach. Lena chois sin caithfidh siad a thuiscint cathain agus conas a lámha a ní.

Ba chóir do scoileanna dea-shláinteachas a chur chun cinn agus póstaeir a thaispeáint ar fud na scoileanna maidir leis an tslí cheart chun do lámha a ní. Cloígh le treoirlínte FSS maidir le lámha a ní: https://www2.hse.ie/gaeilge/coroinvireas/conas-do-lamha-a-ghlanadh.html seicliosta

Is féidir sláinteachas Lámh a bhaint amach trí lámha a ní nó díghalrán lámh a úsáid (nuair atá dealramh glan ar na lámha).

Ní mór úsáid saoráidí sláinteachais lámh lena n-áirítear báisíní níocháin a bhainistiú chun a chinntiú nach mbíonn lear mór scoláirí agus baill foirne ag fanacht le báisíní níocháin agus díghalrán lámh a úsáid.

Tá ceanglas ann maidir le rochtain ar shaoráidí níochán láimhe tar éis gníomhaíochtaí ar dócha go salóidh siad na lámha, mar shampla ag súgradh lasmuigh nó gníomhaíochtaí spóirt áirithe mar nach n-oibríonn díghalrán láimhe ar lámha atá salach.

Is féidir dáileoirí díghalrán lámh a chur ar fáil go héasca ag pointí imeachta agus iontrála scoileanna agus seomraí ranga agus ba chóir aire a thabhairt go nglanfar aon doirteadh díghalráin lámh ar eagla go dtitfeadh duine.

Is fearr uisce bog a úsáid seachas uisce te nó fuar chun na lámha a ní ach mura soláthraíonn an córas pluiméireachta ach uisce fuar, ba chóir gallúnach a eiblíonn go héasca in uisce fuar a úsáid.

Ba chóir báisíní chun lámha a ní, uisce reatha, gallúnach leachtach agus saoráidí triomaithe lámh a chur ar fáil ag gach leithreas, cistin agus aon limistéir ina n-ullmhaítear bia.

Ba chóir saoráidí níocháin lámh a choinneáil i mbail mhaith agus ba chóir soláthairtí gallúnach agus tuáillí a líonadh go rialta chun gach duine a spreagadh lena a n-úsáid.

Is rogha eile inghlactha iad triomadóirí aeir chun lámha a thriomú ach ní mór iad a chothabháil go rialta. Níl aon fhianaise ann go méadaíonn triomadóirí lámh an baol tarchuir COVID-19.

Ba chóir póstaeir a thaispeánann teicnící níocháin lámh agus a chuireann níochán lámh chun cinn a chur ar na ballaí in aice le saoráidí níocháin agus is féidir iad a lannú nó a chur i gclúdach plaisteach.

Is féidir díghalrán lámh a úsáid le haghaidh sláinteachais lámh nuair nach féidir salachar a fheiceáil ar na lámha (dealramh glan orthu).

Tá an fhianaise is fearr ann ar éifeachtacht glóthach lámh atá alcóil-bhunaithe ach is féidir glóthach lámh neamh-alcóil a úsáid freisin.

Nuair a bhíonn leachtanna cuimilte / glóthacha lámh á n-úsáid ar scoil ba chóir a chinntiú nach n-ionghabhann scoláirí iad mar go bhfuil siad inlasta agus tocsaineach. Níor chóir díghalrán alcól-bhunaithe a stóráil ná a úsáid in aice le teas nó lasair gan chosaint.

## Conas Díghalrán Lámh a Roghnú

Is bithicídí iad na glóthacha sláintithe lámh agus tá siad faoi réir ag Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha (RTB) – Rialachán (AE) 528/2012. Is í an Rannóg um Chlárú agus Rialú na hIotnaidicíde (PRCD) de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) an t-aon údarás inniúil le haghaidh bithicídí in Éirinn. Ní cheadaítear ach na táirgí bithicídeacha a liostaítear ar chlár táirgí bithicídí RTBM atá dleathach le margú agus le húsáid in Éirinn. Ba cheart do scoileanna a dheimhniú go bhfuil uimhir chláraithe PCS 9xxxx, PCS 1xxxxx, IE/BPA 7xxxx nó EU-000xxx-xx le feiceáil ar an lipéad ar gach díghalrán agus ar gach dífhabhtán dá bhfuil acu. Beidh uimhir chláraithe uathúil, ar uimhir shonrach í don táirge ar leith sin, le feiceáil ar gach táirge atá cláraithe le RTBM. Muna bhfuil aon fhormáidí uimhriúil acu sin le feiceáil ar lipéad an táirge, níor chóir do Scoileanna an táirge a cheannach nó a úsáid. Lena chinntiú gur féidir an bhithicíd a úsáid ar mhargadh na hÉireann, féadann Scoileanna cláir na dtáirgí a sheiceáil ar líne ar Chláir na dTáirgí Bithicídeacha. Tá tuilleadh faisnéise maidir le Díghalráin agus Dífhabhtáin ó RTBM ar fáil ach teagmháil a dhéanamh léi ar biocide-enforcement@agriculture.gov.ie nó ar laithreán gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ní mór do dhíghalráin lámh 60% d'alcól ar a laghad a bheith iontu le húsáid in éadan COVID-19. Is féidir díghalráin lámh nach alcól-bhunaithe iad a úsáid freisin. Ach, agus díghalrán lámh á roghnú, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil sé éifeachtach in éadan an Choróinvíris.

## Minicíocht Sláinteachas Lámh

Ba chóir do scoláirí agus don fhoireann sláinteachas lámh a dhéanamh:

- Ar theacht ar scoil dóibh;
- Sula n-itheann nó sula n-ólann siad;
- Tar éis an leithreas a úsáid;
- Tar éis dóibh súgradh lasmuigh;
- Nuair a bhíonn a lámha salach go fisiciúil;
- Nuair a bhíonn siad ag casacht nó ag ligean sraoth.

Beidh creat íostarraingthe, ar creat é a bunaíodh do scoilbhliain 2020/21, i bhfeidhm go fóill don scoilbhliain 2020/21 chun go mbeidh ar chumas scoileanna na soláthairtí díghalrán lámh atá riachtanach a cheannach chomh maith le riachtanais PPE. Cuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil chun íoc as na costais a bhaineann le dhíghalrú lámh agus riachtanais TCP i scoileanna.

## 5.4) <u>Scaradh Fisiciúil</u>

Is féidir tairbhe a bhaint as scaradh fisiciúil a chur i bhfeidhm i suíomh iar-bhunscoile agus roinnt solúbthachta a cheadú nuair is gá. Ní mór é a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil chun a aithint nár cheart go mbeadh an timpeallacht foghlama faoi smacht ag fócas ar an cheist seo a d'fhéadfadh níos mó dochar ná maitheas a dhéanamh. Ba cheart a chinntiú nach spreagtar teannas ná coimhlint, rud a d'fhéadfadh tarlú. B'fhéidir go mbeidh gá le roinnt solúbthachta uaireanta nuair a bhíonn na bearta á gcur i bhfeidhm.

Aithnítear freisin nach féidir leis an bhfoireann scaradh fisiciúil a choinneáil ó scoláirí i gcónaí agus nach cuí go mbeifí ag súil go ndéanfaidís é sin i gcónaí i gcás ina bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith aige sin ar an scoláire .i. má thagann gortú ar scoláire agus go dteastaíonn garchabhair uathu.

**Mar sin féin, nuair is féidir é, ba cheart don fhoireann achar 1 m ar a laghad a choinneáil agus 2 m nuair is féidir. Ba cheart dóibh bearta a ghlacadh freisin chun dlúth-theagmháil a sheachaint ag leibhéal duine le duine, mar shampla fanacht ina seasamh seachas suí in aice le scoláire / cromadh anuas.**

Tá dhá chatagóir scartha fhisiciúil ann:

- Scaradh a mhéadú
- Idirghníomhaíocht a laghdú

### *Scaradh a mhéadú*

Ós rud é go bhfuil gach suíomh scoile difriúil ó thaobh (i) suímh; (ii) leagan amach fisiciúil (iii) spás atá ar fáil laistigh den scoil; agus (iv) líon na scoláirí is fearr a bhíonn scoileanna iad féin in ann cinneadh a dhéanamh maidir leis na hathruithe ar leagan amach / na hathruithe oibríochtúla cuí is gá chun scaradh fisiciúil a choinneáil.

Mar aitheantas nach mbeadh an cur chuige 'déanann an toise céanna an gnó do chách' oiriúnach mar is fearr do scoileanna iad féin cinneadh a dhéanamh ar an leagan amach cuí dóibh féin, tá *Creat* forbartha ag an Roinn *chun Scaradh Fisiciúil a choinneáil sa Seomra*

*Ranga in Iar-bhunscoileanna nuair a fhillfidh scoláirí go hiomlán le haghaidh na Scoilbhliana 2020 / 21.* Beidh sé seo i bhfeidhm go fóill don scoilbhliain 2021/2022. Leagtar amach sa Chreat sraith beart atá ar fáil nach mór a chur i bhfeidhm ar leibhéal na scoile aonair a mhéid is féidir.

Tá an méid seo a leanas sa tsraith beart atá leagtha amach sa Chreat:

1. Leagan amach nua a chur ar spásanna sa rang chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú;
2. Leagan amach nua a chur ar gach spás atá ar fáil sa scoil agus gach spás a úsáid chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú;
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar Amchláir;
4. Leagan amach nua a chur ar Ranganna;
5. Smaoinigh ar Úsáid Sruthú Beo laistigh den Scoil; agus
6. Rochtain a fháil ar spásanna atá ar fáil laistigh den phobal áitiúil

Tá nasc chuig an "Creat chun Scaradh Fisiciúil a choinneáil sa Seomra Ranga in Iar-bhunscoileanna nuair a fhillfidh na scoláirí go léir le haghaidh na Scoilbhliana 2020 / 21" ar fáil anseo.

Tá nasc anseo chuig leagan amach seomraí ranga le léaráidí chun scaradh fisiciúil a choinneáil.

## *Idirghníomhaíocht a laghdú*

Braitheann an méid inar féidir idirghníomhaíocht a laghdú in iar-bhunscoil ar shuíomh na scoile agus tá gá le cur chuige stuama chun na teorainneacha a aithint atá i gceist maidir lena leithéid a bhaint amach i measc scoláirí.

I iar-bhunscoileanna ba chóir scaradh fisiciúil 2 m a choinneáil nuair is féidir nó 1 m ar a laghad, idir binsí nó idir scoláirí nó baill foirne aonair.

Sa mhéid agus is féidir agus indéanta, d'fhanfadh scoláirí sa seomra ranga agus bhogfadh múinteoirí idir seomraí.

Sa mhéid agus is féidir agus indéanta dhéanfaí scoláirí a shannadh do phríomhchohórt ranga a d'fhanfadh sa seomra ranga don chuid is mó d'ábhair agus bheadh na múinteoirí ag aistriú idir seomraí.

Sa mhéid agus is féidir agus indéanta ba chóir ranganna dúbailte a phleanáil chun gluaiseacht a íoslaghdú i gcaitheamh an lae.

Sa chás go bhfuil ábhar roghnach ag scoláirí, bhogfaidís go tapa isteach sa rang nua agus shuífidís in éineacht le baill dá gcohórt ranga, agus iad ag coinneáil an oiread scartha fhisiciúil agus is féidir.

Theastódh níochán / díghalrú lámh nuair a bhogann múinteoirí agus scoláirí idir ranganna.

Choinneofaí scaradh fisiciúil idir an múinteoir agus an rang.

Sa chás go bhfuil gá le grúpaí ranga a bhogadh idir seomraí, ba cheart é a phleanáil chun idirghníomhaíocht le grúpaí ranga eile a íoslaghdú.

Cuir teorainn le hidirghníomhaíocht ag am teachta agus imeachta agus i ndorchlaí agus i limistéir chomhroinnte eile.

Ba chóir teagmháil fhisiciúil shóisialta (beannachtaí lámh le láimh, barróga) a dhíspreagadh.

Sa chás gur gá do scoláirí bogadh thart laistigh den seomra ranga chun gníomhaíochtaí a dhéanamh (rochtain ar acmhainn chomhroinnte) ba cheart é a eagrú an oiread agus is féidir chun plód daoine a íoslaghdú ag an acmhainn chomhroinnte.

Ba chóir do bhaill foirne agus do scoláirí iarracht a dhéanamh gan rudaí pearsanta a roinnt.

Sa chás go mbaineann úsáid méarchláir nó táibléid le teagasc agus foghlaim ba cheart dromchla teagmhála an ghléis a ghlanadh go rialta agus sláinteachas lámh a spreagadh.

## Scaradh fisiciúil lasmuigh den seomra ranga agus laistigh den scoil

### *Scoláirí a fhágáil / a bhailiú ón scoil*

Ba cheart socruithe chun scoláirí a fhágáil / a bhailiú a dhéanamh chun scaradh fisiciúil 2 m a choinneáil nuair is féidir.

Ba chóir siúl / rothaíocht chuig an scoil a spreagadh a oiread agus is féidir.

Is é is cuspóir do shocruithe ar bith plód daoine ag geataí na scoile a sheachaint má tá seans nach ngéillfí do riachtanais maidir le scaradh fisiciúil.

Ba chóir amanna fágála / bailithe céimnithe a bhreithniú nuair a bhíonn sé sin praiticiúil agus indéanta.

Má tá pointí rochtana breise ag scoileanna, féadfar cuimhneamh ar shlí chun iad a úsáid d’fhonn brú tráchta a laghdú más féidir.

Ba chóir do scoláirí dul díreach chuig a spás foghlama / seomra ranga ainmnithe.

### *Foireann*

Moltar achar 2 m le haghaidh scartha fhisiciúil don fhoireann. Baineann sé seo go háirithe le scaradh idir daoine fásta nuair nach mbíonn siad i mbun teagaisc, cosúil leis an seomra foirne agus nuair a bhíonn siad ag teacht chuig an obair.

Mura féidir cloí le hachar 2 m i ngrúpaí foirne ba chóir achar chomh mór agus is féidir a choinneáil agus cloí le treoir maidir le clúdach aghaidhe.

Ba chóir achar fisiciúil a choinneáil idir baill foirne laistigh den seomra foirne trí shosanna agaithe srl. a úsáid.

Ag an leibhéal iar-bhunscoile d'fhéadfaí cuimhneamh ar “fheadhnóga” foirne a bhunú nó ar mheithleacha foirne a oibríonn le chéile agus a ghlacann sosanna le chéile.

Ba cheart cruinnithe foirne a reáchtáil go cianda nó i ngrúpaí beaga nó i spásanna móra chun scaradh fisiciúil a éascú.

Beartas gan lámha a chroitheadh a chur i ngníomh.

Cruinnithe baill foirne a íoslaghdú ag tús agus ag deireadh an lae scoile.

Is féidir leis an bhfoireann gluaiseacht idir ionaid/seomraí ranga ach ba chóir seo a laghdú oiread agus is féidir.

### *Ceaintín*

Cinntigh go gcuirtear scaradh fisiciúil i bhfeidhm i saoráidí ceaintín

Déan úsáid ceaintín a chéimniú agus sínigh amanna freastail más féidir chun go mbeidh siad ar aon dul le grúpálacha ranga.

Cuir córas bainistiú scuainí i bhfeidhm.

Cinntigh gur féidir le scoláirí a lámha a ghlanadh tar éis dul isteach i limistéar an cheaintín.

### *Dorchlaí agus Staighrí*

Má ghabhtar thart ar dhuine i ndorchla go gasta ní dócha go scaipfí ionfhabhtuithe go mór mura mbíonn teagmháil fhisiciúil ag daoine agus má sheachnaíonn siad plé neamhfhoirmiúil i ngrúpaí.

### *Aeráil*

Tá treoir foilsithe ag an Roinn ina leagtar amach na céimeanna praiticiúla le haghaidh dea-aerála de réir na comhairle sláinte phoiblí *'Céimeanna Praiticiúla chun Feidhm a Bhaint as Dea-Chleachtais Aerála i Scoileanna'.* Leagtar amach sa treoir cur chuige foriomlán do scoileanna, gur chóir fuinneoga a bheith chomh hoscailte agus is féidir nuair nach bhfuil seomraí ranga in úsáid (m.sh. le linn amanna sosa nó amanna lóin (ag glacadh leis nach bhfuil siad in úsáid) agus ag deireadh gach lae scoile) agus ar leathoscailt nuair a bhíonn na seomraí ranga in úsáid. Foráileann an treoir gur féidir aeráil mhaith a bhaint amach i seomraí ranga gan cur isteach ar scoláirí, go háirithe le linn aimsir fhuar. D'fhoilsigh an Roinn comhairle freisin maidir le cur leis na céimeanna praiticiúla sin agus iad a fheabhsú trí leas a bhaint as monatóir dé-ocsaíde charbóin (CO2). Is féidir teacht ar naisc chuig an treoir thuasluaite go léir anseo.

## 5.5) Úsáid TCP i Scoileanna

Tá "Treoir d'Iar-Bhunscoileanna maidir le TCP, Tomhaltáin agus Trealamh" foilsithe ag an Roinn ar gov.ie/filleadharscoil. Soláthraítear an t-eolas is gá do scoileanna faoi na cainníochtaí cuí d'earraí inchaite agus trealamh TCP chun tacú le feidhmiú sábháilte agus inbhuanaithe na scoileanna.

Sa chomhairle is déanaí ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte chuig an Roinn Oideachais moltar gur chóir do bhaill foirne clúdaigh aghaidhe a chaitheamh i gcás nach féidir achar fisiciúil 2 mhéadar a choinneáil ó bhaill foirne eile, tuismitheoirí, cuairteoirí riachtanacha nó ó dhaltaí. Ghlac an Roinn leis an moladh seo. Dá réir sin, is gá anois do bhaill foirne clúdaigh aghaidhe a chaitheamh i gcás nach féidir achar fisiciúil 2 mhéadar a choinneáil ó bhaill foirne eile, tuismitheoirí, cuairteoirí riachtanacha nó ó dhaltaí. Féach an nóta maidir le maisc ghrád liachta ar leathanach 19.

Ba cheart go gcuirfí oibrithe faoi oiliúint faoi conas dea-úsáid a bhaint as TCP, conas é a chur orthu, é a bhaint díobh, é a ghlanadh, é a choinneáil agus é a chaitheamh amach. Tháirg an LFCS póstaeir agus físeáin maidir le conas TCP a chur ort agus a bhaint díot atá ar fáil ar laithreáin ghréasáin an USS agus an USS https://www.hsa.ie/eng/topics/covid-19_coronavirus_information_and_resources/covid-19_business_supports/business_supports/hse-hpsc_posters_and_videos/

Ní mór TCP a úsáid freisin ag gníomhaíochtaí oibre nó i limistéir oibre áirithe. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith san áireamh:

- Cúram dlúthphearsanta a dhéanamh
- Má aithnítear cás amhrasta COVID-19 le linn don scoil a bheith ag feidhmiú
- Sa chás go bhfuil ball foirne an-leochaileach maidir le hionfhabhtú ach nach bhfuil siad i liosta na ndaoine a rangaítear mar dhaoine i ngrúpaí atá i bhfíorbhaol, nó go bhféadfaidís a bheith ina gcónaí le daoine atá i gcatagóir na ndaoine atá i bhfíorbhaol.
- Garchabhair a thabhairt

Sa chás go gcuireann an fhoireann cúram sláinte ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais leighis acu i dtimpeallacht na scoile, ba cheart dóibh réamhchúraimí caighdeánacha a chur i bhfeidhm de réir gnáthchleachtais.

### Limistéir Fáiltithe

Ba chóir cuimhneamh ar scáthláin chosanta pheirspéacs a úsáid i limistéir fáiltithe nuair nach féidir leis an bhfoireann achar fisiciúil 2m a choinneáil ó bhaill foirne eile nó ó scoláirí. Is féidir airgead ón deontas mionoibreacha a úsáid chuige sin.

## Maisc / Clúdaigh Aghaidhe

Má tá maisc aghaidhe nó maisc i gcoitinne á gcaitheamh, ní hionann sin agus a rá nach bhfuil gá leis na bearta eile a bhfuil breac-chuntas orthu thíos (scaradh fisiciúil, sláinteachas lámh, béasaíocht riospráide, aeráil leordhóthanach, íoslaghdú a dhéanamh ar theagmhálaithe) ach ní mór iad a úsáid in éineacht leis na bearta cosanta sin, go háirithe nuair atá sé deacair cloí le scaradh fisiciúil/sóisialta.

Feidhmíonn maisc aghaidhe mar bhac chun braoiníní riospráide a chosc ó dhul san aer agus ar dhaoine eile nuair a bhíonn an duine atá ag caitheamh masc aghaidhe ag casachtach, ag sraothartach, ag caint nó ag ardú a ghutha / a gutha. Dá bhrí sin úsáidfear maisc aghaidhe chun cosc a chur ar scaipeadh an víris ón duine a chaitheann é (agus níl a fhios aige / aici, b'fhéidir, go bhfuil sé / sí ionfhabhtaithe) chucu siúd a dtagann sé / sí i ndlúth-theagmháil leo.

Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar mhúinteoirí, ar bhaill foirne agus ar scoláirí atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna masc aghaidhe a chaitheamh nuair nach féidir achar fisiciúil 2 mhéadar ó bhaill foirne eile nó ó scoláirí eile a choinneáil.

I gcásanna áirithe, ba cheart cuimhneamh ar scáthláin thrédhearcacha ar úsáid, mar shampla baill foirne a bhíonn ag plé le scoláirí a bhfuil deacrachtaí éisteachta nó deacrachtaí foghlama acu.

Ba chóir go n-iarrfaí ar gach scoláire a úsáideann an scéim iompair iar-bhunscoile masc aghaidhe a chaitheamh mura bhfuil cúis mhaith ann gan é sin a dhéanamh.

Níor chóir go gcaithfeadh aon cheann de na grúpaí seo a leanas maisc aghaidhe:

- Duine ar bith ag a bhfuil deacrachtaí análaithe
- Duine ar bith atá gan aithne gan urlabhra nó éagumasaithe
- Duine ar bith nach bhfuil ar a c(h)umas an masc aghaidhe a bhaint gan chúnamh
- Aon duine a bhfuil riachtanais speisialta aige nó aici agus a d'fhéadfadh a bheith trína chéile nó an-mhíchompordach agus é / í ag caitheamh masc aghaidhe, mar shampla duine faoi mhíchumas intleachtúil nó forbartha, duine ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte, fadhbanna céadfacha nó mothálacht thadhlach.

Fuarthas tuilleadh comhairle ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC) maidir le húsáid masc aghaidhe i suíomhanna oideachais ar an 6ú Lúnasa 2020. Tá an chomhairle ar fáil anseo.

Ba chóir meabhrú don fhoireann agus do na scoláirí go léir a chaitheann maisc aghaidhe gan lámh a chur ar an masc aghaidhe agus a lámha a ní nó a dhíghalrú (trí díghalrán lámh a úsáid) sula gcuireann siad an masc aghaidhe orthu agus tar éis é a bhaint.

Ba chóir eolas a chur ar fáil maidir leis an tslí cheart chun maisc aghaidhe a úsáid, a bhaint agus a ní

https://www.youtube.com/watch?v=T6ZqdpLfSqw

Ba chóir go mbeadh a fhios ag gach múinteoir agus ball foirne gur chóir dóibh a lámha a ní nó a dhíghalrú (ag baint úsáide as díghalrán lámh) roimh agus tar éis dóibh cabhrú le scoláire masc aghaidhe a chur air / uirthi ar nó an masc aghaidhe a shocrú.

Ba chóir maisc aghaidhe a stóráil i spás ainmnithe ar leithligh do gach scoláire nuair nach bhfuiltear á gcaitheamh (m.sh., i gcoimeádáin nó i málaí lipéadaithe ar leith).

Ba chóir maisc aghaidhe a ní tar éis gach lá úsáide agus / nó sula n-úsáidtear arís iad, nó más léir go bhfuil siad salaithe.

Níor chóir maisc aghaidhe a chaitheamh nuair a bhíonn siad fliuch. D'fhéadfadh sé bheith deacair anáil a tharraingt trí mhasc aghaidhe atá fliuch.

Ba chóir do scoileanna machnamh a dhéanamh ar mhaisc aghaidhe bhreise indiúscartha a chur ar fáil do scoláirí, do mhúinteoirí agus don fhoireann sa chás go bhfuil gá le masc aghaidhe breise i rith an lae.

B'fhéidir gur mhaith leis an bhfoireann a masc aghaidhe féin a úsáid ar bhonn laethúil, ach ba cheart go mbeadh soláthar de mhaisc bhreise indiúscartha nó ilúsáide nó, más cuí, scáthláin aghaidhe ar fáil ag scoileanna don fhoireann más rud é go mbeidh gá le masc aghaidhe cúltaca i rith an lae nó ar bhonn leanúnach más gá.

## Maisc atá ar Ghrád Leighis

Ní mór do scoileanna maisc atá ar ghrád leighis a chur ar fáil sa chatagóir EN14683 do gach Cúntóir Riachtanas Speisialta i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta agus do na baill foirne sin ar gá dóibh a bheith an-ghar do leanaí a bhfuil riachtanais chúraim dhlúthphearsanta acu ar bhonn leanúnach agus ina measc sin tá Tionlacaithe Busanna Scoile.

Má tá masc aghaidhe á chaitheamh, ní chiallaíonn sé sin nach gá fanacht sa bhaile má tá comhartha a léiriú ag duine

## Lámhainní

De ghnáth, ní bhíonn úsáid lámhainní indiúscartha sa scoil oiriúnach ach d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach le haghaidh nithe ar nós glanadh, suíomhanna cúraim phearsanta nó nuair a bhíonn garchabhair á tabhairt. Ní chosnaíonn gnáthúsáid an duine féin agus d'fhéadfadh go nochtfadh sé daoine eile do riosca ó lámhainní éillithe.

Ní féidir gnáthúsáid lámhainní indiúscartha a chur in ionad sláinteachais lámh.

## Naprúin

D'fhéadfadh naprúin a bheith oiriúnach freisin i gcúinsí áirithe lena n-áirítear chun freastal ar riachtanais chúraim phearsanta nó don fhoireann atá sannta do limistéar a ghlanadh ina raibh cás amhrasta nó deimhnithe COVID-19.

# 6) Tionchar COVID-19 ar ghníomhaíochtaí scoile áirithe

*Cór / Léiriú Ceoil*

D'fhéadfadh leibhéal riosca níos airde a bheith i gceist i gcás cleachtaí / léiriú cóir agus cleachtaí / léiriú ceoil le gaothuirlisí agus ba chóir machnaimh ar leith a dhéanamh ar an tslí a reáchtálfar iad siúd chun a chinntiú go bhfuil an seomra aeráilte a dhóthain agus go gcoinnítear an t-achar idir na ceoltóirí.

*Gníomhaíochtaí Spóirt*

Ba chóir do scoileanna tagairt a dhéanamh don treoir ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte maidir le Filleadh ar an Spórt. Tá nasc le filleadh ar phrótacail spóirt le fáil anseo.

https://www.gov.ie/en/publication/07253-return-to-sport-protocols/

*Trealamh Roinnte*

Ealaín – Nuair is féidir ba chóir scoláirí a spreagadh chun a gcuid soláthairtí ealaíne agus trealaimh féin a bheith acu.

Leictreonaic – Ba chóir gléasanna leictreonacha comhroinnte amhail táibléid, scáileáin tadhaill, méarchláir a ghlanadh idir úsáidí agus d'fhéadfaí cuimhneamh ar chlúdaigh a fhéadfar a ghlanadh a úsáid le haghaidh leictreonaic chun glanadh a éascú.

Trealamh / Uirlisí Ceoil – A mhéid is féidir, níor cheart uirlisí a roinnt idir scoláirí agus má tá comhroinnt ag teastáil, ba cheart na huirlisí a ghlanadh sula n-úsáidfidh an chéad duine eile iad.

Beartas Leabharlainne – Más praiticiúil é ba chóir go mbeadh a gcuid leabhar féin ag na scoláirí. Téacsleabhair a roinntear - ba chóir clúdach plaisteach a fhéadfar a ghlanadh le glantachán tí oiriúnach idir úsáidí a chur orthu. Ba chóir scoláirí a spreagadh chun sláinteachas lámh a dhéanamh tar éis aon rud comhroinnte a úsáid.

Trealamh Spóirt Comhroinnte - Íoslaghdaigh comhroinnt trealaimh agus glan tar éis úsáidí ag daoine éagsúla.

## 7) Sláinteachtas agus Glantachán i Scoileanna

Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais do scoileanna chun tacú leis an nglanadh breise atá riachtanach chun na rioscaí a bhaineann le COVID-19 a íoslaghdú.

Tá an chomhairle shonrach maidir le glanadh scoile leagtha amach sa chomhairle ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte agus pléifear í san oiliúint ionduchtúcháin. Leagtar amach sa chomhairle seo an córas glantacháin is gá chun tacú le scoileanna chun ionfhabhtú COVID-19 a chosc agus an glanadh breise a theastaíonn i gcásanna amhrasta COVID-19. Iarrtar ar scoileanna an chomhairle ghlantacháin a léamh go cúramach agus a thuiscint agus é a chur i bhfeidhm ar gach réimse den scoil de réir mar is cuí.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna aire ar leith a thabhairt do na socruithe sláinteachais le haghaidh saoráidí níochán lámh agus leithreas.

Go hachomair, ba chóir gach suíomh scoile a ghlanadh **uair sa lá ar a laghad.** Ba chóir glanadh breise, má tá sé ar fáil, a dhíriú ar dhromchlaí a mbaintear dóibh go minic - murláin dorais, ráillí láimhe, cathaoireacha / uillinn cathaoireacha, limistéir itheacháin chomhchoiteanna, áiseanna doirtil agus leithris.

Má tá scoláirí ag bogadh idir seomraí ranga, d'fhéadfaí cuimhneamh ar tháirgí glantacháin cuí a chur ar fáil chun cur ar a gcumas a mbinse, a gcathaoir agus a ndromchla a ghlanadh sula bhfágann siad an seomra.

Beidh rochtain ag an bhfoireann ar fad ar tháirgí glantacháin agus beidh orthu glaineacht a limistéar oibre féin a chothabháil. Níor cheart na hábhair ghlantacháin seo a thabhairt amach as an bhfoirgneamh ar chúinsí ar bith;

Ba chóir don fhoireann a limistéar oibre a ghlanadh agus a dhíghalrú go maith roimh iad a úsáid agus tar éis iad a úsáid, gach lá.

Baileofar málaí diúscartha dramhaíola úsáidte go rialta ó oifigí agus ó cheantair eile laistigh den áis scoile.

Ní bheidh saoráidí cithfholctha ar fáil don fhoireann ná do scoláirí mar gheall ar an riosca méadaithe a bhaineann le saoráidí agus limistéir chithfholctha comhchoiteanna. Déanfar é sin a athbhreithniú de réir threoir an rialtais.

Ní mór don fhoireann a dtrealamh agus a n-uirlisí féin a úsáid agus a ghlanadh (cupán, sceanra, pláta srl.).

### ***Seomraí ina raibh scoláirí / ball foirne a raibh amhras ann go raibh COVID-19 orthu a ghlanadh / dhíghalrú***

Ba chóir na seomraí a ghlanadh chomh luath agus is féidir.

Nuair a bheidh an seomra folamh níor chóir an seomra a athúsáid go dtí go mbeidh sé glanta agus díghalraithe go hiomlán agus go bhfuil gach dromchla tirim.

Ní oibríonn díghalrú ach ar rudaí atá glan. Nuair a bhíonn díghalrú ag teastáil, déantar é seo i gcónaí de bhreis ar ghlanadh.

Ba chóir go seachnódh duine  / daoine a shanntar do ghlanadh baint dá (h)aghaidh agus é / í ag glanadh agus ba chóir dó / di lámhainní tí agus ag naprún plaisteach a úsáid.

Glan an timpeallacht agus an troscán ag baint úsáide as ceirteacha glantacháin indiúscartha agus glantach tí agus ina dhiaidh sin déan díghalrú le táirge clóirín-bhunaithe (tuarthóir tí).

Tabhair aird ar leith ar dhromchlaí a mbaintear dóibh go minic, cúl cathaoireacha, toilg, murláin dorais agus aon dromchlaí atá salaithe go feiceálach le sreabháin choirp.

Nuair a bheidh an seomra glanta agus díghalraithe agus nuair atá gach dromchla tirim, is féidir an seomra a athúsáid.

Má chaith scoláirí nó ball foirne a diagnóisíodh le COVID-19 seal i spás comónta amhail ceaintín, áit  súgartha nó má d'úsáid siad na háiseanna leithris nó seomra folctha, ansin ba chóir na limistéir sin a ghlanadh le glantach tí agus díghalrán (mar atá leagtha amach i dtreoir eatramhach sláinte an HPSC) a luaithe is féidir.

## 8) <u>Déileáil le Cás Amhrasta COVID-19</u>

Níor chóir do bhaill foirne ná do scoláirí freastal ar scoil má léiríonn siad aon chomharthaí COVID-19. Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar conas ba chóir do scoil déileáil le cás amhrasta a d'fhéadfadh teacht chun cinn i suíomh scoile.

Ba chóir limistéar leithlisithe ainmnithe a aithint laistigh den fhoirgneamh scoile. Ba cheart cuimhneamh ar an bhféidearthacht go mbeadh níos mó ná duine amháin ag léiriú comharthaí COVID-19 agus ba chóir plean teagmhasach chun déileáil le cásanna breise a chur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh an limistéar leithlisithe ainmnithe taobh thiar de dhoras dúnta agus amach ó bhaill foirne agus scoláirí eile.
Má léiríonn ball foirne / scoláire comharthaí COVID-19 agus iad ar scoil is iad seo a leanas na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm:

- Más scoláire an duine a bhfuil amhras faoi /  fúithi, ba cheart teagmháil a dhéanamh láithreach leis na tuismitheoirí / caomhnóirí;
- Leithlisigh an duine agus bíodh nós imeachta i bhfeidhm chun dul leis an duine sin chuig an limistéar leithlisithe ainmnithe tríd an mbealach leithlisithe, ag coinneáil achar 2 mhéadar ar a laghad ón duine ar a bhfuil comharthaí agus a chinntiú freisin

go gcoinníonn daoine eile achar 2 mhéadar ar a laghad ón duine ar a bhfuil comharthaí, gach uile thráth;

- Ní gá go mbeadh an limistéar leithlisithe ina sheomra ach mura seomra é ba chóir go mbeadh sé achar 2m amach ó dhaoine eile sa seomra;
- Mura féidir achar 2m a choinneáil ba chóir do bhall foirne atá ag tabhairt aire do scoláire clúdach aghaidhe nó masc a chaitheamh. Níor chóir lámhainní a úsáid toisc nach dtéann an víreas trí chraiceann;
- Cuir masc ar fáil don duine a léiríonn comharthaí.
- Déan measúnú ar cibé an féidir iarraidh ar an duine atá ag léiriú comharthaí dul abhaile láithreach / gur féidir lena thuismitheoirí / chaomhnóirí é / í a thabhairt abhaile go gcuirfidh siad glaoch ar a ndochtúir agus leanúint de bheith ag féin-leithlisiú sa bhaile;
- Déan éascaíocht don duine a bhfuil comharthaí air / uirthi fanacht ar leithlis mura féidir leis / léi dul abhaile láithreach agus cabhraigh leis / léi glaoch ar an dochtúir. Ba chóir don duine teagmháil le daoine, dromchlaí agus rudaí a sheachaint. Ba chóir iarraidh ar an duine a léiríonn comharthaí a bhéal agus a shrón a chlúdach leis an gciarsúr páipéir indiúscartha a sholáthraítear nuair a bhíonn siad ag casacht nó ag sraothartach agus an ciarsúr a chur sa mhála dramhaíola a sholáthraítear;
- Má tá an duine maith go leor chun dul abhaile, déan socrú go n-iompródh ball den teaghlach abhaile é / í, a luaithe is féidir agus iarr air / uirthi an cleachtóir ginearálta a chur ar an eolas faoi na comharthaí tríd an bhfón. Níor cheart iompar poiblí de chineál ar bith a úsáid;
- Má tá sé nó sí ró-bhreoite chun dul abhaile nó má tá comhairle ag teastáil, déan teagmháil le 999 nó 112 agus cuir ar an eolas iad gur cás amhrasta COVID-19 é an duine breoite;
- Déan measúnú ar an eachtra a bheidh mar chuid de ghníomhaíochtaí leantacha agus téarnamh a chinneadh;
- Déan socrú chun an limistéar leithlise agus na réimsí oibre atá i gceist a ghlanadh go cuí – ***(sonraí ag Alt 7)***

Cuirfidh FSS aon bhall foirne / tuismitheoirí a tháinig i ndlúth-theagmháil le cás diagnóisithe ar an eolas tríd an bpróiseas rianaithe teagmhála. Rachaidh FSS i dteagmháil leis na daoine ábhartha go léir mar a ndéantar diagnóis COVID-19. Ba cheart treoracha FSS a leanúint agus tá rúndacht na foirne agus na scoláirí ríthábhachtach gach uile thráth. Ba chóir foireann scoile a spreagadh chun lorgaire rianaithe COVID-19 an FSS a íoslódáil chun cabhrú le Sláinte Phoiblí chun críocha rianaithe teagmhála. Ar shuíomh na scoile agus taobh amuigh de (féach alt 5.1).

# 9) <u>Dualgais Foirne</u>

Tá dualgas reachtúil ar an bhfoireann aire réasúnta a thabhairt dá sláinte agus dá sábháilteacht féin agus do shláinte a gcomhghleacaithe agus páirtithe eile.

Tá comhoibriú agus cúnamh na foirne go léir riachtanach chun an baol go scaipfí COVID-19 a laghdú agus chun sláinte agus sábháilteacht a chosaint a mhéid is féidir laistigh den scoil. Tá ról lárnach le comhlíonadh ag gach ball den fhoireann.

Maidir leis sin agus chun filleadh sábháilte ar an obair a éascú, áirítear iad seo a leanas ar na dualgais seo, gan a bheith teoranta dóibh:

- Cloí leis an bPlean Freagartha COVID-19 Scoile agus na bearta rialaithe atá leagtha amach.
- An fhoirm RTW (Filleadh ar an Obair) a chomhlánú sula bhfilleann siad ar an obair.
- Ní mór dóibh an Príomhoide a chur ar an eolas má tá aon chúinsí eile ann a bhaineann le COVID-19 nach bhfuil san áireamh san fhoirm agus ar gá iad a nochtadh chun gur féidir leo filleadh ar an ionad oibre go sábháilte.
- Caithfidh baill foirne nua páirt a ghlacadh in Oiliúint Ionduchtaithe COVID-19 agus in aon traenáil eile is gá sula bhfilleadh siad ar ais ar scoil.
- Ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoi dea-shláinteachas agus béasaíocht riospráide agus cloí leo . Cleachtais a chomhordú agus oibriú lena gcomhghleacaithe chun a chinntiú go gcoinnítear scaradh fisiciúil.
- Iad féin a chur ar an eolas faoi chomharthaí COVID-19 agus monatóireacht a dhéanamh ar a bhfolláine féin.
- Féin-leithlisiú sa bhaile agus teagmháil a dhéanamh go pras lena ndochtúir chun tuilleadh comhairle a fháil má léiríonn siad aon chomharthaí Covid-19.
- Gan filleadh ar an scoil ná freastal uirthi má tá comharthaí COVID-19 orthu ar chúinse ar bith.
- Lean an treoir ón FSS má aithnítear gur gartheagmháil iad.
- Má thaistil siad lasmuigh d'Éirinn; i gcásanna mar sin moltar do bhaill foirne féachaint ar an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le taisteal ar an gcoigríoch agus cloí léi.
- Má thagann aon chomharthaí de COVID-19 orthu agus iad laistigh den scoil, ba cheart dóibh cloí leis an nós imeachta atá leagtha amach thuas.
- Fanacht ar an eolas faoi chomhairle nuashonraithe na n-údarás sláinte phoiblí agus cloí leo.
- Comhoibriú le haon phearsanra sláinte phoiblí agus lena scoil chun críocha rianaithe teagmhála agus aon chomhairle sláinte phoiblí a thugtar a leanúint má tharlaíonn cás nó ráig ina scoil
- Dul faoi aon tástáil COVID-19 a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil mar chuid de mhórthástáil nó de thástáil shrathach mar a chuireann an tSláinte Phoiblí in iúl

## 10) Bainistíocht neamhláithreachta a bhaineann le Covid-19

Déanfar bainistiú ar neamhláithreacht a bhaineann le COVID-19 a bhainistiú de réir na nósanna imeachta atá comhaontaithe leis an Roinn Oideachais.

## 11) Clár um Chúnamh agus Fholláine Fostaithe

Aithníonn an Roinn an gá atá le folláine na foirne scoile agus le féinchúram , lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) agus an Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL), chomh maith leis an tacaíocht a thabharfaidh Foireann Cur Chun Cinn Sláinte an FSS. Tá Straitéis Sláinte Ceirde i bhfeidhm mar acmhainn thacúil do bhaill foirne aonair i scoileanna. Is é aidhm na Straitéise Sláinte Ceirde sláinte agus folláine

na bhfostaithe san ionad oibre a chur chun cinn, agus béim láidir á cur aici ar chosc. Cuimsíonn an Straitéis Sláinte Ceirde an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus an tSeirbhís Sláinte Ceirde. Is é Spectrum.Life a chuireann an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil faoin lógó 'Wellbeing Together: Folláine le Chéile'.

Faoin tSeirbhís Cúnaimh d’Fhostaithe (EAS), tá líne chabhrach rúnda saor in aisce ar fáil d’fhostaithe 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain ag 1800 411 057. Soláthraítear comhairle ar réimse saincheisteanna amhail folláine, dlí, airgeadas, eadráin, tacaíocht bhainistíochta srl. Tá an tseirbhís ar fáil freisin trí SMS, WhatsApp, r-phost, comhrá beo agus iarratas glaoigh ar ais. Is gairmithe meabhairshláinte cáilithe, creidiúnaithe a bhfuil taithí acu gach duine teagmhála sa tseirbhís.

Nuair is gá, tá comhairleoireacht ghearrthéarmach ar fáil d'fhostaithe agus dá dteaghlaigh (os cionn 18 mbliana d'aois agus a chónaíonn sa bhaile).

Cuireann EAS comhairle agus tacaíocht ar fáil do bhainisteoirí freisin agus déanann sé idirghabhálacha chun cabhrú leo déileáil le saincheisteanna sláinte agus folláine san ionad oibre.

Tá tairseach folláine saincheaptha ann mar aon le haip a thairgeann rochtain ar phodchraoltaí, blaganna, comhráite beo agus físeáin ar thopaicí a bhaineann le folláine agus meabhairshláinte, saol an teaghlaigh, corpacmhainne agus cothú. Tá cláir r-Fhoghlama ar mheabhairshláinte, codladh agus réimse topaicí folláine ar fáil freisin. Ina theannta sin cuirtear teiripe iompraíocht chognaíoch ar líne ar fáil. Mar chuid de na seirbhísí a sholáthraíonn Spectrum.Life, tá Bainisteoir Um Chur Chun Cinn Meabhairshláinte ar fáil chun tionscnaimh mheabhairshláinte agus folláine atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a sheachadadh chun stiogma a laghdú agus litearthacht meabhairshláinte a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht sa tseirbhís a mhéadú. Beidh sraith de sheimineáir ghréasáin agus de láithreoireachtaí á gcur ar fáil acu freisin chun folláine a chur chun cinn i scoileanna

# AGUISÍN 1 Teimpléad i gcomhair Ráiteas Polasaí Scoile COVID-19

Geallann Coláiste Ghobnatan láthair oibre sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil dár bhfoireann go léir agus timpeallacht foghlama shábháilte dár scoláirí go léir. Chun é sin chinntiú, tá an Plean seo a leanas Freagartha COVID-19 forbartha agus nuashonraithe againn. Tá an Bord Bainistíochta / BOO agus foireann uile na scoile freagrach as an bplean seo a chur i bhfeidhm agus cabhróidh comhiarracht chun scaipeadh an víris a choimeád faoi smacht. Déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar ár bhfreagra ar COVID-19 agus an plean seo a leasú i gcomhairle lenár bhfoireann
- eolas cothrom le dáta a chur ar fáil dár bhfoireann agus dár scoláirí ar an gcomhairle Sláinte Poiblí a d'eisigh FSS agus Gov.ie
- faisnéis a thaispeáint faoi chomharthaí agus airíonna COVID-19 agus faoi theicnící cearta níochán lámh
- ionadaí oibrithe is féidir a aithint go héasca a chomhaontú leis an bhfoireann chun an ról atá leagtha amach sa phlean seo a chur i gcrích i ndáil le soláthar samhraidh
- gach ball foirne agus scoláirí a chur ar an eolas faoi bhéasaíocht riachtanach maidir le sláinteachas agus riospráide agus faoi riachtanais maidir le scaradh fisiciúil
- an scoil a chur in oiriúint do scaradh fisiciúil de réir mar is cuí de réir threoir sláinte poiblí agus treoir na Roinne Oideachais
- loga teagmhála a choinneáil chun cabhrú le rianú teagmhála
- a chinntiú go nglacfaidh an fhoireann agus na scoláirí páirt san ionduchtúchán / seisiún faisnéise a chuireann an Roinn Oideachais ar fáil
- nósanna imeachta comhaontaithe a chur chun feidhme i gcás duine a léiríonn comharthaí COVID-19 agus iad ar scoil
- treoracha a chur ar fáil don fhoireann agus do scoláirí a gcloífear leo má thagann comharthaí agus airíonna COVID-19 orthu le linn am scoile
- glanadh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le comhairle na Roinne Oideachais

Rachfar i gcomhairle le foireann uile na scoile ar bhonn leanúnach agus spreagtar aiseolas maidir le haon imní, saincheisteanna nó moltaí.

Is féidir é seo a dhéanamh trí Ionadaí / Ionadaithe na nOibrithe a dtacófar leis / léi de réir an chomhaontaithe idir an Roinn agus comhpháirtithe oideachais.

Síniú: Seanachán Ó hUidhir (Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta) Dáta: 25-08-21

Síniú: Toirdealbhach Ó Lionáird (Príomhoide) Dáta: 25-08-21

## AGUISÍN 2 - Foirm um Fhilleadh ar Obair

Foirm um Fhilleadh ar Obair - Ní mór do bhaill foirne scoile an Fhoirm seo um Fhilleadh ar an Obair a chomhlánú sula bhfillfidh siad ar an áit oibre. Má fhreagraítear "Tá" ar aon dosna ceisteanna thíosluaite, ba cheart duit comhairle leighis a lorg roimh filleadh ar an áit oibre.

Aimn: ________________________ Ainm na Scoile: ________________________

Ainm an Phríomhoide: ________________________

| | Ceisteanna | TÁ | NÍL |
|---|---|---|---|
| 1. | An bhfuil aon siomptóim ort a bhaineann le casacht, fiabhras, teocht ard (38 gcéim Celsius nó níos airde), deacracht análaithe, caillteanas nó athrú i do chumas bolaidh nó blais anois nó le 14 lá anuas? | | |
| 2. | An ndearnadh diagnóis COVID-19 deimhnithe nó amhrasta ort le 14 lá anuas? | | |
| 3. | An bhfuil tú ag fanacht le torthaí tástála COVID-19? | | |
| 4. | Le 14 lá anuas, an raibh tú i dteagmháil le haon duine ar cás deimhnithe nó amhrasta COVID-19 é? | | |
| 5. | Ar cuireadh in iúl duit féinleithlisiú ag an am seo? | | |
| 6. | Ar tugadh comhairle duit srian a chur ar do ghluaiseachtaí ag an am seo? | | |
| 7. | Ar chatagóirigh an tSeirbhís Sláinte Ceirde thú a bheith ‘i mBaol An-Ard’ nó ‘i mBaol Ard’? | | |

Tabhair mionsonraí thíos faoi aon imthosca eile a bhaineann le COVID-19 nach bhfuil ar áireamh thuas agus ar féidir gur gá iad a bhreithniú chun d’fhilleadh sábháilte ar an obair a éascú, e.g. filleadh ó thaisteal thar lear.

| |
|---|
| |

Síniú: ________________________________________ Dáta: ______________________________

* Más rud é go dtiocfaidh athrú ar do staid tar éis duit an Fhoirm seo um Fhilleadh ar an Obair a chomhlánú agus a chur isteach, cuir d’fhostóir ar an eolas faoi sin.
** Is féidir tuilleadh faisnéise faoi dhaoine atá i mbaol an-ard (thar a bheith soghonta) nó i mbaol ard de bharr COVID-19 a fháil ag an nasc seo a leanas:

*** Is féidir mionsonraí faoi na socruithe reatha le haghaidh taisteal thar lear a fháil ag an nasc seo a leanas ar

Tabhair faoi deara: Tá an scoil ag bailiú na sonraí pearsanta íogaire seo chun sábháilteacht san ionad oibre a chinntiú mar thoradh ar an bpaindéime Covid-19. Tá an bunús dlí do bhailiúchán na sonraí seo bunaithe ar

ábhair spéise sláinte poiblí ríthábhachtacha agus ar shláinte cheirde a chothabháil agus coinneofar na sonraí seo go daingean de réir ár mbeartas coinneála.

# <u>Aguisín 3</u> Príomhionadaí Oibrithe

Is é is cuspóir don Phrótacal um Obair go Sábháilte tacú le fostóirí agus le hoibrithe bearta a chur i bhfeidhm a chuirfidh cosc ar scaipeadh COVID-19 san ionad oibre. Forbraíodh an Prótacal tar éis plé agus comhaontú idir an Rialtas, Ceardchumainn agus Fostóirí ag an bhFóram Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair.

Déantar foráil sa Phrótacal maidir le Príomhionadaí na nOibrithe a cheapadh i ngach ionad oibre. Oibreoidh Príomhionadaí na nOibrithe i gcomhar leis an bhfostóir chun cabhrú le cur i bhfeidhm beart chun scaipeadh COVID-19 a chosc agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeart sin agus chun páirt a ghlacadh maidir leis an gcomhairle sláinte faoi COVID-19 a chur in iúl do dhaoine san ionad oibre.

Is é is cuspóir leis an alt seo ná na forálacha maidir leis an PO a leagan amach i scoileanna. Déanfaidh na páirtithe athbhreithniú rialta ar feidhmiúchán na forálacha seo.

Ba chóir an doiciméad seo a léamh i dteannta leis na nithe seo a leanas:

- an <u>Prótacal um Obair go Sábháilte</u>
- an <u>Treoir agus Ceisteanna Coitianta d’Fhostóirí na Seirbhíse Poiblí le linn COVID-19</u>;
- Plean Freagartha COVID-19 d’Iar-bhunscoileanna (ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais).

## 1. Cur chuige Comhoibritheach

Tá an fhreagracht as forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Freagartha Covid-19 agus na mbeart um chosc agus rialú ar ionfhabhtú a ghabhann leis go príomha ar an mBord Bainistíochta / BOO agus ar fhoireann bainistíochta na scoile.

Tá cumarsáid láidir agus cur chuige comhoibritheach comhroinnte ríthábhachtach chun cosaint a dhéanamh ar scaipeadh COVID-19 i scoileanna, agus aire a thabhairt do shláinte, sábháilteacht agus folláine na foirne agus na scoláirí. Ní éireoidh linn cloí leis an bPrótacal um Obair a Dhéanamh go Sábháilte ach amháin má tá oibleagáid chomhroinnte ar gach duine na bearta atá sa Phrótacal ina (h)áit oibre a chur i bhfeidhm.

Má tá aon imní ar aon bhall den fhoireann, nó má tá aon tuairimí acu maidir leis an bPlean Freagartha COVID-19, maidir le bearta rialaithe nó maidir le cloí leis na bearta sin ó thaobh baill foirne, scoláirí nó daoine eile de, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh le bPríomhionadaí na nOibrithe. Déanfaidh sé / sí siúd teagmháil le bainistíocht na scoile.

## 2. Ról Príomhionadaí na nOibrithe

Go hachomair, is é ról Phríomhionadaí na nOibrithe:

- Ionadaíocht a dhéanamh ar an bhfoireann uile san ionad oibre beag beann ar ról, agus a bheith ar an eolas faoi shaincheisteanna sonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith cohórt foirne éagsúla;
- A oibriú i gcomhar le bainistíocht na scoile chun sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe a chinntiú, a mhéid agus is indéanta le réasún, maidir le COVID-19;
- Coinneáil bord ar bord leis an gcomhairle sláinte phoiblí is déanaí ar COVID-19;
- Dea-chleachtais sláinteachais a chur chun cinn i gcomhar le bainistíocht na scoile, cosúil le lámha a ní go rialta agus dea-bhéasaíocht riospráide a choimeád chomh maith le scaradh sóisialta de réir na comhairle sláinte phoiblí.

- Cabhrú le bainistíocht na scoile bearta a chur i bhfeidhm chun COVID-19 a choimeád faoi chois san áit oibre de réir an Phrótacail um Obair a Dhéanamh go Sábháilte agus na comhairle sláinte phoiblí reatha;
- Monatóireacht a dhéanamh, i gcomhar le bainistíocht na scoile, ar chomhlíonadh na mbeart a cuireadh i bhfeidhm chun scaipeadh COVID-19 a chosc.
- Athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar bhearta sábháilteachta atá i bhfeidhm;
- Aon ábhar imní a thuairisciú láithreach do bhainistíocht na scoile agus taifid a choinneáil ar a leithéid de shaincheisteanna agus ar na bearta a glacadh chun iad a chur i gceart.
- Dul i gcomhairle le bainistíocht na scoile maidir le Plean Freagartha COVID-19 na scoile más rud é go dtagann COVID-19 ar dhuine le linn dó / di a bheith ar scoil, lena n-áirítear suíomh limistéar leithlisithe agus bealach sábháilte chuig an limistéar sin;
- Tar éis teagmhas ar bith, measúnú a dhéanamh i gcomhar le bainistíocht na scoile, ar obair leantach ar bith atá riachtanach;
- Dul i gcomhairle le comhghleacaithe maidir le hábhair a bhaineann le COVID-19 san ionad oibre.
- Uiríll a dhéanamh chuig bainistíocht na scoile thar ceann a gcomhghleacaithe maidir le hábhair a bhaineann le COVID-19 san ionad oibre.

## 3. Cad is féidir le Príomhionadaí na nOibrithe a dhéanamh?

Féadfaidh Príomhionadaí na nOibrithe dul i gcomhairle leis an mbainistíocht scoile, agus uiríll a dhéanamh, maidir le haon ábhar imní i dtaobh COVID-19. Áirítear air seo ceisteanna maidir le:

- Prótacail ghlantacháin agus iad a chur i bhfeidhm
- Scaradh Fisiciúil
- Cumraíocht / athchumraíocht áiseanna na scoile, lena n-áirítear seomraí ranga, conairí, hallaí, limistéir oscailte, pointí iontrála agus imeachta, tailte scoile srl.
- Córais aon-bhealaigh sa scoil a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh scaradh sóisialta ann, rud lena n-áirítear dul isteach agus imeacht ón scoil
- Saoráidí Sláinteachas Lámh, rud lena n-áirítear a suíomhanna agus go bhfuil siad líonta agus á gcothabháil
- Díghalrú lámh
- Feasacht na foirne maidir le sláinteachas lámh sa scoil
- Sláinteachas riospráide
- Trealamh Cosanta Pearsanta
- Grúpaí i mBaol
- Cuairteoirí / Conraitheoirí

## 4. An bhfuil aon fhreagrachtaí dlí ar Phríomhionadaí na nOibrithe?

Níl. Níl aon dualgais ag Príomhionadaí na nOibrithe maidir le COVID-19 seachas na dualgais siúd a bhaineann le fostaithe i gcoitinne. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil Príomhionadaí na nOibrithe freagrach as na bearta rialaithe laistigh d'eagraíocht. Is é an fostóir a bhíonn freagrach astu siúd i gcónaí.

## 5. Príomhionadaí(ithe) na nOibrithe

Ceapfaidh gach scoil Príomhionadaí na nOibrithe amháin.

I scoileanna ina bhfuil níos mó ná 40 ball foirne, ceapfar an dara Príomhionadaí na nOibrithe.

## 6. Príomhionadaí(ithe) na nOibrithe a Roghnú

Tá foireann na scoile i dteideal baill foirne a roghnú do pho(i)st Phríomhionadaí na nOibrithe. Déanann Príomhionadaí(ithe) na nOibrithe ionadaíocht ar an bhfoireann ar fad san ionad oibre beag beann ar ról agus ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoi shaincheisteanna sonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith cohórt foirne éagsúla. Maidir leis seo, i gcás ina bhfuil beirt Phríomhionadaithe na nOibrithe ag scoil, ba cheart na róil a roinnt idir foireann teagaisc agus neamhtheagaisc nuair is féidir.

Tá gach ball foirne I dteideal glacadh le ról mar Phríomhiondaí na nOibirithe ar bhonn deonach agus a bheith ainmnithe lena t(h)oghadh más gá. Is é an próiseas chun Príomhionadaí(ithe) na nOibrithe a roghnú agus a cheapadh ná go lorgóidh an bhainistíocht léirithe spéise ón bhfoireann ar fad ar an gcéad dul síos. Tá teimpléad i gcomhair ríomhphoist chuige seo ceangailte. Má tá gá le toghchán, beidh an vóta céanna ag gach ball foirne scoile chun Príomhionadaí(ithe) na nOibrithe a roghnú.

## 7. Tacaíochtaí do Phríomhionadaí(ithe) na nOibrithe

Beidh Príomhionadaí(ithe) na nOibrithe i dteideal na rudaí seo a leanas:

- Faisnéis agus oiliúint a fháil maidir lena ról *[cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil*];
- Rachfar i gcomhairle leis an mbainistíocht scoile maidir leis na bearta rialaithe atá á gcur i bhfeidhm ag an scoil chun an baol go mbeidh siad nochta do COVID-19 a íoslaghdú;
- Cumarsáid rialta leis an mbainistíocht scoile maidir le saincheisteanna a bhaineann le COVID-19;
- A bheith ar an eolas faoi athruithe sa chleachtas a eascraíonn as bearta freagartha COVID-19;
- Rochtain a bheith acu ar aon mheasúnuithe riosca a ullmhaíodh nó a rinneadh i ndáil le COVID-19 agus ar shonraí faoi theagmhais a bhain le cásanna amhrasta COVID-19 a cuireadh in iúl do FSS, faoin áit ar tharla siad agus faoi aon bhearta a rinneadh.
- Áiseanna riachtanacha a fháil a chuirfidh ar a gcumas dul i gcomhairle le fostaithe nó aon aighneachtaí nó tuarascálacha a ullmhú. D'fhéadfadh rochtain ar sheomra cruinnithe, fótachóipeálaí, trealamh cumarsáide a bheith san áireamh iontu seo.

Sa chás gur múinteoir é Príomhionadaí na nOibrithe, gheobhaidh sé / sí am faoi chosaint 2 uair sa tseachtain ón amchlár chun cur ar chumas a chuid dualgas a chomhlíonadh sa ról sin. Sna cásanna neamhchoitianta ina mbeadh ceapachán múinteora a roghnaíodh mar Phríomhionadaí na nOibrithe ina chúis le deacrachtaí curaclaim / ama nach féidir a réiteach, scrúdóidh bainistíocht scoile réitigh inmheánacha agus seachtracha chun ceapachán an mhúinteora mar Phríomhionadaí na nOibrithe a chumasú. Sa chás nach féidir an t-ábhar a réiteach, leagfaidh an bhainistíocht amach na cúiseanna atá leis. Sa chás seo, ní mór duine eile a cheapadh mar Phríomhionadaí na nOibrithe.

Sa chás gur CRS é Príomhionadaí na nOibrithe, bainfidh sé / sí siúd úsáid as 66 den "72 uair an chloig" chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh sa ról sin.

Sa chás gur Rúnaí nó Feighlí é Príomhionadaí na nOibrithe, ba cheart don bhainistíocht scoile beartú tosaíochta nua a dhéanamh ar dhualgais chun dóthain ama a thabhairt don bhall foirne a chuid dualgas a chomhlíonadh sa ról sin laistigh de raon feidhme a ghnáthuaireanta conartha.

## 8. Nós imeachta chun déileáil le saincheisteanna a thagann chun cinn

Sa chás go n-aithníonn Príomhionadaí na nOibrithe saincheist atá ina ábhar imní maidir le rialú COVID-19 (nó má chuireann ball den fhoireann a leithéid ar a shúile dó / di), ba cheart dó / di é seo a chur in iúl don Phríomhoide. Ba cheart pointí gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a chomhaontú, nuair is féidir, idir Príomhionadaí na nOibrithe agus an Príomhoide. Ba cheart an fhoireann a chur ar an eolas faoin toradh.

Mura féidir teacht ar chomhaontú, ba cheart do Phríomhionadaí na nOibrithe fógra a thabhairt don Bhord Bainistíochta (Cathaoirleach an BB ar an gcéad dul síos)/Ceannoifig an Bhoird Oideachais agus Oiliúna faoin gceist. Ba cheart pointí gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a chomhaontú, nuair is féidir, idir Príomhionadaí na nOibrithe agus an Bord Bainistíochta / ceannoifig an BOO. Ba cheart an fhoireann a chur ar an eolas faoin toradh.

## 9. Gluais Téarmaí

- **Plean Freagartha COVID-19:** plean atá deartha chun tacú leis an bhfoireann agus leis an mBord Bainistíochta / BOO chun bearta um chosc agus rialú ionfhabhtuithe a chur i bhfeidhm a chuirfidh cosc ar scaipeadh Covid-19 i dtimpeallacht na scoile. Sonraítear sa phlean na beartais agus na cleachtais atá riachtanach do scoil chun freastal ar an bPrótacal um Obair a Dhéanamh go Sábháilte, treoir na Roinne Oideachais agus na sláinte poiblí chun cosc a chur ar thabhairt isteach agus ar scaipeadh COVID-19 i dtimpeallacht na scoile. Tá Pleananna Freagartha COVID-19 do Iar-bhunscoileanna ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

- **Fóram Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair (LEEF):** an fóram le haghaidh idirphlé ardleibhéil idir ionadaithe Rialtais, Ceardchumann agus Fostóirí maidir le hábhair a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta ag baint leo - baineann Comhdháil na gCeardchumann, an Rialtais agus Fostóirí leis.

- **Prótacal um Obair a Dhéanamh go Sábháilte:** prótacal náisiúnta atá ceaptha chun tacú le fostóirí agus le hoibrithe bearta a chur i bhfeidhm a chuirfidh cosc ar scaipeadh COVID-19 san ionad oibre.

- **Ionadaí Sábháilteachta:** Leagtar amach in Alt 25 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 roghnú agus ról an Ionadaí Sábháilteachta san ionad oibre. Tá cearta an Ionadaí Sábháilteachta leagtha amach sa reachtaíocht. (Nóta: Tá cearta ag Ionadaí Sábháilteachta agus ní dualgais de réir an Achta 2005). Tá an ról seo ar leithligh ó Phríomhionadaí na nOibrithe faoi COVID-19.

# Aguisín 4 - Measúnú Riosca

Teimpléad Riosca COVID-19 (Aithnítear COVID-19 sa liosta mar an ghuais agus tugann sé breac-chuntas ar bhearta rialaithe atá riachtanach chun déileáil leis an riosca seo)

| Guaiseacha | An bhfuil an ghuais ann? | Cad é an riosca? | Rátáil Riosca A = Ard M=Meánach Í=Íseal | Rialuithe (Agus gach rialú i bhfeidhm beidh an riosca níos lú) | An bhfuil an rialú i bhfeidhm? | Beart/rudaí atá le déanamh/rialuithe gan déanamh fós *Rátáil riosca i bhfeidhm m.l. rialuithe gan déanamh fós atá | Duine freagrach | Síniú agus dáta agus an beart curtha i gcrích |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Covid-19 | N | Breoiteacht | A | Plean Freagartha Covid19 Scoile i bhfeidhm i gcomhréir le treoir na Roinne Oideachais agus an Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte agus comhairle sláinte poiblí | Tá | Cloígh le treoir sláinte poiblí ó FSS maidir le sláinteachas agus béasaíocht riospráide<br><br>Comhlánaigh Ráiteas Beartais COVID-19 na Scoile<br><br>Foirmeacha um Fhilleadh ar an Obair faighte agus léite<br><br>Tabhair faoi oiliúint ionduchtúcháin<br><br>Coinnigh loga de bhaill foirne, scoláirí agus cuairteoirí<br><br>Líon isteach seicliostaí de réir mar is gá:<br>Bainistíocht Scoile<br>Conas déileáil le cás amhrasta<br>Riachtanais m.l. scaradh fisiciúil<br><br>Seicliosta eile sainiúil don scoil (thíos) | An Príomhoide | 27-08-20<br><br>Uasdáthaithe: 25-08-21 |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |

Má tá beart ardriosca H amháinnó níos mó ag teastáil , d'fhéadfadh riosca ard gortaithea bheith i gceist agus ba chóir bearta dhéanamh láithreach. Ba chóir déileáil lebearta Meán-riosca (M) a luaithe agus is féidir. Ba chóir déileáil lebearta riosca ísil (Í) a luaithe agus is indéanta.

Seicliosta eile sainiúil don scoil

Ag teacht ar scoil/ i rith na brisí/ ag imeacht ón scoil:

- Traenáil tugtha do mhúinteoirí i dtosach na mbliaina faoi rialacha Covid-19, dea-cleachtais srl.  Cinntiú faighte ag múinteoirí go bhfuilid slán ón víreas 1-03-21
- Maoirseacht breise curtha i bhfeidhm sa chlós /sna seomraí ranga ar maidin, le linn na brísí agus um thráthnóna.
- Saighead curtha síos ag teaspáint na bealaí timpeall na scoile. (slí aon-treo).
- Plean curtha i bhfeidhm ag teaspáint leithreis ainmnithe gach bliain.
- Sos/lón céímnithe.

Cuairteoirí:

- Log leabhar cruthaithe le haghaidh cuairteoirí (síniú isteach/ amach).
- Comharthaí crochta suas chun treoir a thabhairt do chuairteorí faoi na rialacha atá i bhfeidm.
- Postaer le heolas teagmháile na scoile ar an príomh doras.

Scoil:

- Postaerí crochta timpeall an scoil faoi dea-cleachtas aghaidh masc, díghalrán srl.
- Stáisiún díghalrán crochta timpeall an scoil agus i gach halla.
- Plean agus saighead curtha síos chun na daltaí a treoiriú sa slí cheart.
- Learáíd den phlean saighead crochta ar cúl gach seomra ranga.
- Pollaí curtha sa halla tionól chun spás a thabhairt do bhliain a hAon le linn am sosa/lón.
- Glantóir á ghlanadh na hánlaí, seomraí, suíocháin, bínsí i rith an lae, i dteannta le daltaí agus mhúinteoirí.
- Comharthaí nua ceannaithe agus crochtha 1-03-21

Seomraí Ranga:

- Bínsí ar a laghaid 1m óna chéile.
- Suíochán ainmnithe tugtha do gach dalta.
- Seomra Baile tugtha do gach bliain ghrúpa.
- Póstaeirí crochta timpeall chun an t-eolas is déanaí /dea-chleachtais a spreagadh.
- Traenáil tugtha do gach bliain ghrúpa faoi Covid-19 (dea-chleachtas, rialacha, srianta srl.)
- Sciath peirspéacs curtha suas ar bhínse an mhúinteora.
- Na fuinneoga a choimeád ar oscailt (aerú).
- Aerú meicniúil i seomraí gan fuinneog.
- Díghalrán curtha i gach seomra i dteannta le sprae frith bhaictéarach agus páipéar gorm.
- Boscaí plaisteach faighte do gach dalta in ionad na taisceadán a usáid.
- **Monatóirí dé-ocsaíde carbóin le teacht ón RO. 25-08-21**

Seomra Foirne:

- Comharthaí curtha suas chun na fuinneoga a choiméad ar oscailt (aerú).
- Láimhíní ar fáil do gach mhúinteoir.
- Sciath peirspéacs curtha suas idir gach bhínse.
- Múinteoirí á usáid a chuid sceanra, cupán féinigh.
- Maisc breise FFP2 (agus físeán mínithe) curtha ar fáil 1-03-21

Clós:

- Ciorcal scaireadh sóisialta curtha i bhfeidhm.
- Comharthaí curtha ar an gclós le péint (2M).
- 3 ceantair cruthaithe chun na grúpaí a coiméad óna chéile i rith am lón/sosa.
- Prótacal/chóras smachta nua i bhfeidhm bainte le scaireadh sóisialta agus dea-cleachtaisí Covid-19. É seo agus na rialacha eile curtha in iúl dos na daltaí go leanúnach.
- Seomra san Óstán faighte le haghaidh am lón.
- 7 doirteal le uisce te ar fáil dos na daltaí lasmuigh.

Measúnú Riosca déanta ag: Dáta: **1: 27/08/20 2. 1/03/21 3. 25/08/21**

© Gach ceart ar cosaint

# Aguisín 5 Loga Rianaithe Teagmhála Scoile

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm na Scoile | | **Duine Teagmhála na Scoile** | |
| **Seoladh na Scoile** | | **Le haghaidh Ceisteanna Amháin:**<br>Uimhir Ghutháin | |
| | | **Ríomhphost** | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainm an Chuairteora** | | | | An raibh an chuairt seo réamhshocruithe leis an bPríomhoide?<br>Bhí ☐ Ní raibh ☐ |
| **Dáta na Cuairte** | __ __ / __ __ /________ | **Am** | **Teacht Isteach sa scoil** __________ r.n ☐ i.n ☐ | **Imeacht ón scoil** __________ r.n ☐ i.n ☐ |
| **Stádas an Chuairteora** | Conraitheoir ☐ | Tuismitheoir/Caomhnóir ☐ | Eile: ________________________________________ | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Sonraí Teagmhála an chuairteora | Ainm an Chomhlachta (más cuí) | | | |
| | Seoladh | | | |
| | Uimhir Theagmhála: | | Seoladh Ríomhphoist | |
| | Cúis na Cuairte | | | |

| **Na Daoine a bhí i dteagmháil leis an gcuairteoir (ní mór do gach ainm a bheith ar líne dhifriúil)** | |
|---|---|
| **Ainm an Chuairteora** | **Cá mhéad ama a chaith an cuairteoir le gach duine sa scoil** |
| | |
| | |
| | |

# <u>Aguisín 6</u> - Seicliosta do Bhainisteoirí Scoile

## Seicliosta ilchodach do scoileanna

Tacaíonn an seicliosta seo leis an bpleanáil agus ullmhúchán, agus leis na bearta rialaithe agus ionduchtúchán a theastaíonn chun cabhrú le sábháilteacht scoláirí, foirne, tuismitheoirí agus eile is iad ag filleadh ar scoil.

**Le comhlánú ag an duine comhaontaithe a bhfuil freagracht fhoriomlán air / uirthi bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phlean Freagartha COVID-19 i gcomhréir leis na tacaí mar a comhaontaíodh leis an Roinn Oideachais.**

## Pleanáil agus Córais

**1.** An bhfuil córas i bhfeidhm chun fanacht ar an eolas faoin gcomhairle is déanaí ón Rialtas agus ó ROS, lena chinntiú go dtugtar comhairle a ar bhonn tráthúil don fhoireann do agus do na scoláirí agus go ndéantar do nósanna imeachta a choigeartú de réir na comhairle sin?
**2.** Ar ullmhaigh tú plean freagartha scoile COVID-19 agus chuir tú ar fáil don fhoireann agus do na scoláirí é? ***Treoir agus teimpléid na Roinne ar fáil***
**3.** An bhfuil córas i bhfeidhm chun eolas agus treoir a thabhairt don fhoireann agus scoláirí maidir leis na bearta atá i bhfeidhm chun scaipeadh an víris a chosc agus na gníomhartha a mbeifear ag súil leo uathusan?
**4.** An bhfuil na póstaeir COVID-19 in áiteanna oiriúnacha chun aird a tharraingt ar chomharthaí agus ar airíonna COVID-19?
**5.** Ar inis tú don fhoireann agus do scoláirí cén fáth a bhfuil gá le loga teagmhála COVID-19?
**6.** An bhfuil loga teagmhála COVID-19 i bhfeidhm chun tacú le hiarrachtaí rianaithe an FSS más gá? ***(Tá teimpléad den loga teagmhála ceangailte).***
**7.** Ar chuir tú an fhoireann ar an eolas faoi na bearta agus ar chuir tú córas in áit dóibh chun ceisteanna nó imní a lua is chun freagraí a fháil ar na ceisteanna sin?
**8.** An ndearna tú athbhreithniú agus uasdátú ar mheasúnaithe riosca de réir chomhairle na Roinne, a chuirfeadh san áireamh aon rialuithe a chabhródh leis an gcosc ar COVID-19? ***(Tá teimpléad riosca ceangailte).***
**9.** An ndearna tú uasdátú ar phleananna éigeandála, más gá, chun plean freagartha COVID-19 a chur san áireamh?

## Foireann

**10.** Ar cuireadh foirm filleadh-ar-an-obair COVID-19 ar fáil do gach ball foirne le comhlánú agus a sheoladh ar ais 3 lá sula bhfillfidh siad ar an láthair oibre? ***(Teimpléad ceangailte)***
**11.** Ar iarr tú deimhniú nach bhfuil aon athrú ar na sonraí san Fhoirm um Fhilleadh ar Obair tar éis tréimhsí dúnta ar nós laethanta saoire scoile.
**12.** An bhfuil tú ar an eolas faoi bhaill foirne atá i mbaol an-ard faoi threoir an FSS maidir leis na daoine is mó atá i mbaol (treoir FSS maidir leis na daoine is mó atá i mbaol) agus ar mhínigh tú dóibh faoi shocruithe comhaontaithe an ROS maidir le bainistiú na mball foirne sin?
**13.** Ar chuir tú in iúl don fhoireann agus do na scoláirí nach mór dóibh fanacht sa bhaile má bhíonn siad tinn nó má bhíonn aon <u>chomharthaí COVID-19</u> orthu?
**14.** Ar mhol tú do bhaill foirne agus mic léinn comhairle sláinte poiblí a leanúint má shainaithníonn FSS iad mar ghartheagmháil le cás dearbhaithe de COVID-19 nó má tá cónaí orthu le duine a

bhfuil comharthaí an víris le sonrú air?

**15.** Ar mhol tú do bhaill foirne agus mic léinn féachaint ar an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le taisteal ar an gcoigríoch agus cloí léi?

**16.** Ar inis tú don fhoireann agus do na scoláirí cad é atá le déanamh agus cad é ar chóir dóibh a bheith ag súil leis má thosaíonn comharthaí COVID-19 ag teacht orthu ar scoil, lena n-áirítear an áit a bhfuil an limistéar leithlis?

**17.** Ar iarr tú ar an bhfoireann agus ar na scoláirí comhoibriú le haon oifigigh sláinte phoiblí agus leis an scoil chun críocha rianú teagmhála agus aon chomhairle sláinte phoiblí a leanúint má tharlaíonn cás nó ráig sa scoil;

**18.** Ar chuir tú in iúl do bhaill foirne go bhfuil tacaíocht an chláir sláinte agus folláine ceirde ar fáil trí Spectrum Life?

**19.** Ar aithníodh ionadaí príomhoibrí (i gcomhréir leis an bpróiseas a comhaontaíodh leis an ROS agus le comhpháirtithe oideachais) agus atá sonraithe ag Alt 4.3 den phlean seo chun cabhrú le foireann comhairle a chur ar an bhfoireann agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh bearta rialaithe COVID-19 sa scoil agus bearta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil a fhios ag an bhfoireann go léir cé hé an t-ionadaí?

### Oiliúint agus Ionduchtúchán

**20.** Ar mhol tú do bhaill foirne nua súil a caitheamh ar ábhair oiliúna na Roinne Oideachais atá ar fáil ar líne?

**21.** An ndearna tú na bearta cuí chun d'ionduchtúchán scoile / oiliúint chleachtaidh a uasdátú ionas go gcuimsítear aon eolas breise a bhaineann le COVID-19?

**22.** Má tá lucht garchabhrach ar fáil, an bhfuair siad oiliúint uasdátaithe ar ionfhabhtú a chosc agus a rialú trí shláinteachas lámh agus TCP a úsáid nuair is cuí?

### Foirgnimh / Trealamh

**23.** Má tá aeráil mheicniúil sa scoil an bhfuil glantachán nó cothabháil le déanamh uirthi sula n-athosclóidh an scoil i ndiaidh tréimhsí dúnta?

**24.** An dteastaíonn sruthú ó do chóras uisce ag na poill éalaithe tar éis úsáid íseal chun an Galar Legionnaire a chosc?

**25.** An ndearna tú féin, nó ar thug tú ar dhuine oiriúnach, seiceáil ar an bhfearas ar fad atá sa scoil chun teacht ar chomharthaí meatha nó damáiste sula n-úsáidfear arís é?

**26.** Ar socraíodh go nglantar an scoil ar fad uair amháin sa lá, lena n-áirítear fearas, deasca, binsí agus doirse mar aon le pointí dromchla a mbaintear go minic leo?

## <u>Bearta um Chosc agus Rialú ar Ionfhabhtuithe i bhfeidhm</u>

### Sláinteachas lámh / riospráide

**27.** An bhfuil tú tar éis teacht ar sholáthar díghalrán lámh agus aon fhearas riachtanach eile TCP de réir treoir sláinte eatramhach an Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte ón gcreat náisiúnta a chuir an Roinn ar fáil?

**28.** An bhfuil stáisiúin nite lámh / díghalrú lámh agaibh chun freastal ar fhoireann, scoláirí agus cuairteoirí is iad ag cloí leis na bearta díghalrú lámh de réir treoir ón Roinn?

**29.** An ndearnadh socruithe do rochtain rialta ag foireann agus scoláirí ar áiseanna nite / díghalrú lámh mar is cuí?

**30.** An bhfuil teacht go héasca ar na díghalráin lámh ag an bhfoireann iomlán, scoláirí agus cuairteoirí – m.sh. i ngach seomra ranga agus ag pointí isteach is amach sna foirgnimh scoile?

**31.** An ndearna tú socruithe lena chinntiú go ndéantar seiceáil rialta ar áiseanna um shláinteachas lámh agus go bhfuil dóthain soláthar díobh ann do chách?

**32.** An bhfuil ar a laghad 60% eatánól nó 70% iseaprópánól mar chógas gníomhach sa díghalrán alcól-bunaithe?

**33.** An bhfuil foireann agus scoláirí ar aon ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann leis na lámha a ní?

**34.** Ar shocraigh tú go bhfeicfeadh baill foirne nua conas do lámha a ghlanadh (le gallúnach agus uisce ar feadh 20 soicind ar a laghad) agus conas iad a thriomú trí leas a bhaint as acmhainn físe an FSS?

**35.** Ar thaispeáin tú do bhaill foirne nua agus do dhaltaí conas an díghalrán lámh a úsáid i gceart agus cén áit a bhfuil stáisiúin díghalráin lámh le fáil?

**36.** Ar chuir tú póstaeir ar taispeáint i mbaill chuí a léiríonn conas lámha a ní mar is cóir?

**37.** Ar inis tú don fhoireann agus do scoláirí cén uair is gá dóibh a lámha a ní nó leas a bhaint as an díghalrán lámh? Áirítear leis sin:

- roimh agus i ndiaidh bia a ullmhú is a ithe
- tar éis casachtach nó sraoth a ligean
- tar éis dul chuig an leithreas
- má tá na lámha salach
- roimh agus i ndiaidh lámhainní a chaitheamh
- roimh agus i ndiaidh a bheith ar iompar poiblí
- sula bhfágtar an teach
- nuair a shroichtear / fhágtar an scoil / ionaid eile
- ag dul isteach i bhfeithiclí agus amach astu
- tar éis teagmháil a dhéanamh le dromchlaí a d'fhéadfadh a bheith éillithe
- má tá tú i dteagmháil le duine ar a bhfuil aon chomharthaí COVID-19

**38.** Ar mhínigh tú don fhoireann agus do scoláirí an tábhacht a bhaineann le bearta maithe riospráide chun teorainn a chur leis an víreas a scaipeadh, áirítear orthu sin?

- gan lámh a chur ar d'aghaidh, súile, srón ná béal
- casachtach nó sraoth a chlúdach le huillinn nó le ciarsúr páipéir
- ciarsúir a chur i mbosca bruscair clúdaithe

## Scaradh Fisiciúil

**39.** Ar aithníodh an spás iomlán scoile atá ar fáil chun an leas is fearr a bhaint as scaradh fisiciúil?

**40.** Ar tharla athbhreithniú ar na teimpléid ón Roinn Oideachais a léiríonn roghanna do leagan amach difriúil seomraí ranga chun cloí leis na riachtanais um scaradh fisiciúil?

**41.** An ndearnadh socrú maidir le leagan amach na seomraí agus troscán de réir na dtreoracha ón Roinn?

**42.** Ar socraíodh i ngach seomra go mbeidh binse an mhúinteora ar a laghad 1m (agus 2m más féidir) ó bhinsí na scoláirí?

**43.** Ar socraíodh i ngach seomra go mbeidh na scoláirí ar a laghad 1m (agus 2m más féidir) óna chéile?

**44.** Nuair is féidir agus is praiticiúil ar dáileadh scoláirí i bpríomhchohóirt ranga chun an riosca galrú ó COVID-19 a laghdú?

**45.** Nuair is féidir agus is praiticiúil ar socraíodh an tráthchlár chun ranganna dúbailte a éascú?

**46.** Maidir le bheith ag bogadh chuig ábhair roghnacha, ar míníodh don fhoireann agus scoláirí go mbeidh siad, nuair is féidir, ina suí in aice le baill dá bpríomhchohórt ranga féin?
**47.** An ndearnadh socruithe chun teorainn a chur le plé lena chéile is iad ag teacht is ag imeacht ón scoil agus ar láithreacha eile i bpáirt?
**48.** Ar spreagadh na scoláirí chun siúl ar scoil nó dul ar rothar chomh minic agus is féidir?
**49.** An ndearnadh socruithe, chomh fada agus is féidir, go n-osclaítear pointí eile rochtana chun brú a laghdú?
**50.** An féidir, más praiticiúil, córas amháin a bhunú chun teacht ar scoil agus chun imeachta?
**51.** Ar socraíodh go dtarlóidh cruinnithe foirne go cianda nó i ngrúpaí beaga nó i spásanna móra chun scaradh fisiciúil a éascú?
**52.** An bhfuil córas i bhfeidhm chun gluaiseacht foirne idir ranganna a laghdú chomh fada agus is féidir?
**53.** An bhfuil córas i bhfeidhm chun a chuir i gcuimhne don fhoireann agus do scoláirí gan dearmad a dhéanamh ar scaradh fisiciúil?
**54.** An ndúradh leis an bhfoireann agus scoláirí gan lámha a chroitheadh lena chéile agus gach teagmháil fhisiciúil a sheachaint?
**55.** Ar cuireadh ar ceal gach aon taisteal chuig gníomhaíochtaí scoile nach bhfuil riachtanach?
**56.** Ar chuir tú comhairle ar bhaill foirne faoi threoir na Roinne maidir le haeráil mhaith?
**57.** An ndearna tú aon chórais aerála meicniúla a sheiceáil lena chinntiú go n-úsáidtear soláthar leordhóthanach d’aer úr?

## Cuairteoirí sna Scoileanna

**58.** Ar aithníodh na gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le cuairteoirí chun na scoile a chaithfidh teacht go dtí an scoil, ar socraíodh an líon dá leithéid a laghdú agus an bhfuil bearta i bhfeidhm chun teagmháil fhisiciúil a chosc, chomh fada agus is féidir?
**59.** An bhfuil socruithe déanta chun na bearta atá i bhfeidhm maidir le cosc a chur le scaipeadh an ionfhabhtaithe a chur in iúl do chuairteoirí riachtanacha?
**60.** An bhfuil córas i bhfeidhm do na cuairteoirí ar fad a chaithfidh teacht go dtí an scoil a ligfidh do choinne a dhéanamh, teagmháil a aontú ar láthair lárnach agus a gcuairt a thaifeadadh tríd an loga rianú teagmhála a úsáid?

## Aguisín 7 - Seicliosta chun Déileáil le Cás Amhrasta do COVID-19

Beidh ar bhaill foirne cás amhrasta a bhainistiú de réir prótacail agus oiliúna.

**Ainmneofar ball ainmnithe d'fhoireann bainistíochta na scoile mar theagmhálaí ainmnithe chun a chinntiú gur cloíodh le gach ghné den phrótacal chun déileáil le cásanna amhrasta.**

### Limistéar Leithlisithe

1. An bhfuil láthair aitheanta agat a bheadh oiriúnach mar ionad leithlisithe, de rogha bheifeá in ann doras a dhúnadh uirthi?
2. Ní gá gur seomra ar leith a bheidh san ionad leithlisithe ach murar seomra ar leith é ba chóir a bheith 2m ó dhaoine eile sa tseomra.
3. An féidir le cách teacht ar an láthair leithlisithe, foireann agus scoláirí faoi mhíchumas san áireamh?
4. An féidir le cách teacht ar an mbealach go dtí an láthair leithlisithe?
5. An bhfuil plean teagmhasach ann chun plé le breis is cás amháin amhrasta COVID-19 amháin?
6. An bhfuil an méid seo a leanas ar fáil s(n)a láthair(láithreacha) leithlisithe?
   - Ciarsúir pháipéir
   - Díghalrán lámh
   - Díghalrán lámh / ceirteacha cuimilte
   - Lámhainní / Maisc
   - Málaí Dramhaíola
   - Boscaí Bruscair

### Duine a leithlisiú

7. An bhfuil cleachtais i bhfeidhm chun dul in éineacht le duine ionfhabhtaithe go dtí an láthair leithlisithe, ar feadh an bhealaigh leithlisithe agus cloí le scaradh fisiciúil uathu?
8. An bhfuil an fhoireann eolach ar an nós imeachta seo?
9. Ar cuireadh comhairle ar dhaoine eile fanacht ar a laghad 2m ón nduine ar a bhfuil an bhreoiteacht i gcónaí? (tá sé i gceist plé leis seo mar chuid den oiliúint ar líne ag an ROS)
10. An bhfuil masc indiúscartha le caitheamh ag duine ar a bhfuil an bhreoiteacht fad is atá sé / sí sa limistéar comhchoiteann agus nuair atá sé / sí ag fágáil an fhoirgnimh?

### Socruithe don duine ionfhabhtaithe imeacht ón Scoil

11. Foireann – ar cuireadh ceist orthu an bhfuil na baill fhoirne maith go leor le taisteal abhaile?
12. Scoláire – ar chuathas i dteagmháil láithreach lena dtuismitheoirí / caomhnóirí is an ndearnadh socrú go dtiocfaidís chun an scoláire a bhailiú? Níl cead ar bith ag scoláire

iompar poiblí ná scoile a úsáid chun dul abhaile má mheastar gur cás amhrasta COVID-19 iad.

**13.** Ba chóir a rá leis an duine ionfhabhtaithe gan bhaint le daoine eile, dromchlaí ná rud ar bith eile.

**14.** Ba chóir a rá leis an duine ionfhabhtaithe an béal agus srón a chlúdach le ciarsú(i)r indiúscartha nuair a dhéantar casachtach nó sraoth, agus an ciarsúr a chaitheamh sa bhosca bruscair.

**15.** Má mhol an dochtúir teaghlaigh go gcuirfí an duine ionfhabhtaithe abhaile nó go dtí ionad measúnaithe, ar socraíodh an t-iompar dá réir?

**16.** Ar moladh don duine ionfhabhtaithe gan dul go dtí áras máinliachta an dochtúra teaghlaigh ná aon chógaslann ná ospidéal?

**17.** Ar moladh don duine ionfhabhtaithe gan iompar poiblí a úsáid?

**18.** Ar moladh don duine ionfhabhtaithe an masc a choimeád ar an aghaidh go sroichtear an baile?

**<u>Obair Leantach</u>**

**19.** An ndearna tú measúnú ar an eachtra chun aon ghníomh leantach riachtanach a aithint?

**20.** An bhfuil tú ar fáil chun comhairle agus cabhair a sholáthar má théann an FSS i dteagmháil leat?

**<u>Glantachán</u>**

**21.** Ar dhún tú an láthair leithlisithe go dtí go ndéantar glantachán agus díghalrú uirthi?

**22.** Ar chinntigh tú go nglantar is go ndéantar díghalrú ar aon spás seomra ranga mar a raibh na baill foirne nó na scoláirí?

**23.** Ar eagraigh tú glantachán is díghalrú ar an láthair leithlisithe agus aon áit bhainteach eile, chomh luath agus is praiticiúil tar éis don duine ionfhabhtaithe imeacht ón bhfoirgneamh?

**24.** Ar cuireadh oiliúint ar na glantóirí maidir le plé le limistéir thruaillithe agus ar dáileadh an TCP cuí orthu?

## <u>Aguisín 8</u> - Seicliosta le haghaidh Príomhionadaí Oibrithe

**1.** Ar aontaigh tú le do scoil gníomhú mar Phríomhionadaí na n-oibrithe do do scoil?

**2.** Ar tugadh faisnéis agus oiliúint duit maidir le ról phríomhionadaí na n-oibrithe mura bhfuil taithí ar bith agat ar an ról?

**3.** An bhfuil tú ar an eolas maidir leis an gcomhairle is déanaí ón Rialtas i leith COVID-19?

**4.** An bhfuil tú ar an eolas faoi <u>chomharthaí agus faoi airíonna COVID-19</u>?

**5.** An dtuigeann tú <u>conas a scaiptear an víreas</u>?

**6.** An dtuigeann tú conas is féidir cabhrú chun scaipeadh COVID-19 a chosc?

**7.** Ar fhéach tú ar an oiliúint ar líne ón Roinn Oideachais agus an dtuigeann tú í agus ar tugadh oiliúint ionduchtúcháin duit sular fhill tú ar an scoil?

**8.** An bhfuil tú ag cabhrú maidir le do chomhghleacaithe a choimeád ar an eolas leis an gcomhairle is déanaí ón rialtas faoi COVID-19?

9. Ar líon tú an fhoirm um fhilleadh ar an obair COVID-19 agus ar thug tú don scoil í? *(Teimpléad um Fhilleadh ar an Obair ar fáil ón ROS)*
10. An dtuigeann tú na bearta rialaithe atá i bhfeidhm sa scoil chun an riosca a laghdú maidir leat féin agus le daoine eile a bheith i gcontúirt a ngalraithe ag COVID-19? *(Seicliosta don Bhainistíocht Scoile ar fáil)*
11. An ndeachaigh do scoil i gcomhairle leat nuair a bhí na bearta rialaithe á gcur i bhfeidhm? *Aontaíodh na bearta rialaithe ar bhonn lárnach idir an Roinn agus na páirtithe oideachais. Ba chóir comhairliúchán a dhéanamh ag leibhéal scoile má bhíonn gá le haon socruithe áitiúla ar leith chun an prótacal a chur i bhfeidhm*
12. An bhfuil modh cumarsáide rialta agat leis an duine ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as an bplean scoile COVID-19?
13. An bhfuil tú ag comhoibriú leis an scoil lena chinntiú go gcloítear leis na bearta rialaithe úd?
14. An bhfuil eolas cruinn agat ar na riachtanais ghlantacháin a bhfuil gá leo chun traséilliú a sheachaint? *(Tá Seicliosta ar fáil don Ghlantachán agus don Díghalrú)*
15. Ar iarradh ort siúl thart agus seiceáil go bhfuil na bearta rialaithe i bhfeidhm agus go bhfuiltear ag cloí leo?
16. An bhfuil tú ag tuairisciú láithreach don té ag a bhfuil freagracht iomlán as an bplean scoile do COVID-19 maidir le fadhbanna, réimsí neamhghéilliúlachta nó laigí atá feicthe agat?
17. An bhfuil taifead á choimeád agat ar aon fhadhbanna, réimsí neamhghéilliúlachta nó laigí agus cén gníomh a tharla chun an scéal a réiteach?
18. An dtuigeann tú cad é a ba chóir a dhéanamh má thagann comharthaí COVID-19 ar dhuine agus iad ar scoil?
19. An bhfuil tú ag comhoibriú leis an scoil maidir le láthair leithlisithe agus bealach slán go dtí an láthair chéanna a aithint? *(Tá seicliosta ar fáil chun plé le cás amhrasta COVID-19)*
20. An gcabhraíonn tú leis an mbainistíocht a dhéantar ar dhuine a bhfuil comharthaí COVID-19 ag teacht air is é ar scoil?
21. Ach an duine sin a bheith imithe ón scoil, an dtugann tú cúnamh maidir le measúnú ar aon ghníomh riachtanach chun obair leantach a dhéanamh ar an gcás?
22. An gcabhraíonn tú chun an loga teagmhála a choimeád?
23. Ar cuireadh in iúl duit gur tharla aon athrú ar phleananna éigeandála nó ar nósanna imeachta garchabhrach sa scoil?
24. An mbíonn tú ar fáil ag baill eile foirne chun éisteacht le haon cheisteanna nó moltaí um rialú COVID-19 a bheadh acu?
25. An luann tú na ceisteanna nó na moltaí rialaithe úd le Príomhoide na scoile agus an dtugtar aiseolas don bhall / do na baill a d'ardaigh an cheist?
26. An bhfuil a fhios agat gur féidir teacht ar an gclár Folláine le Chéile atá ag Spectrum Life?
27. Ar thug an Príomhoide / bainistíocht na scoile na tacaí duit atá ag dul duit toisc go bhfuil ról agat mar Phríomhionadaí na nOibrithe?
28. Más múinteoir tú, an bhfuair tú an 2 uair a chloig in aghaidh na seachtaine cosanta ó na huaireanta teagmháil ranga, mar a bhforáiltear dó sa phrótacal?

29. Más rúnaí nó feighlí scoile tú ar chuir an bhainistíocht scoile athrú ar thosaíochtaí do chuid dualgas chun dóthain ama a bheith ann do na dualgais atá ort mar Phríomhionadaí na nOibrithe a chomhlíonadh laistigh de do ghnáthuaireanta conartha, mar a bhforáiltear dó sa phrótacal?

## Aguisín 9 - Seicliosta Glantacháin

1. An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun teacht ar an gcomhairle sláinte phoiblí is déanaí ón Rialtas agus ón Roinn Oideachais, lena chinntiú go scaiptear an t-eolas sin in am trátha d'fhonn do chleachtais ghlantacháin a choigeartú de réir na comhairle céanna?
2. An ndearna tú athbhreithniú ar an gcomhairle sláinte ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte d'athoscailt shábháilte scoileanna, go háirithe ***Cuid 5.6 Sláinteachas Comhshaoil?***
3. Ar mhínigh tú an gá atá le córas feabhsaithe glantacháin don fhoireann?
4. An bhfuil a fhios agat gurb é an córas glantacháin is fearr glantóir ilfheidhmeach agus uisce te, ceirteacha glana, strailleáin, agus gníomh meicniúil mar chuimilt agus glanadh, ansin rinseáil agus triomú?
5. An bhfuil dóthain ábhair ghlantacháin in áit agat chun tacú leis an gcóras feabhsaithe glantacháin?
6. Ar chuir tú traenáil ar fáil don fhoireann glantacháin don chóras feabhsaithe glantacháin?
7. An ndearna tú socruithe maidir le boscaí bruscair a fholmhú go rialta ar bhonn sábháilte?
8. An bhfuil cur amach agat ar na roghanna glantacháin do shuíomhanna scoile mar a leagtar amach sa chomhairle ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte do scoileanna maidir le dromchlaí, leithris, fearas glantacháin, TCP agus bainistiú bruscair?
9. An dtuigeann tú go mba chóir gach suíomh scoile a ghlanadh uair amháin sa lá?
10. Ar thug tú ábhair ghlantacháin do bhaill fhoirne agus do scoláirí chun gur féidir leo a mbinse agus a láthair oibre féin a ghlanadh?
11. Ar mhínigh tú don fhoireann gurb iad féin atá freagrach as rudaí pearsanta a thugann siad isteach is a bheadh idir lámha le linn oibre nó sosa a ghlanadh? (m.sh. fón póca agus ríomhairí glúine) agus gan iad a chur síos ar dhromchla comónta mar caithfear an dromchla a ghlanadh i ndiaidh dóibh an gléas pearsanta a thógáil.
12. Ar iarradh ar fhoireann agus ar scoláirí gan rudaí mar chupáin, buidéil, sceanra agus pinn a roinnt
13. An bhfuil sceideal scríofa glantacháin réidh lena thabhairt don fhoireann glantacháin, lena n-áirítear:
    - Rudaí agus limistéir a bheidh le glanadh
    - Minicíocht an ghlantacháin
    - Na hábhair ghlantacháin a bheidh le húsáid
    - Glanadh dromchlaí a dteagmhaítear leo go minic amhail meaisíní díola, meaisíní caife agus murláin doirse
    - Fearas atá le húsáid agus modh a oibrithe
14. Tá sonraí maidir le glantachán tar éis cás amhrasta COVID-19 i g***Cuid 7 den Phlean anseo thuas***
15. Má bhíonn gá le dromchlaí truaillithe a dhíghalrú, an bhfuil córas i bhfeidhm chuige sin i ndiaidh glantacháin?

**16.** Má dúradh le foireann glantacháin lámhainní a chaitheamh agus iad ag glanadh an dtuigeann siad go gcaithfear na lámha a ní go maith le huisce is gallúnach, sula gcuirtear na lámhainní orthu is arís nuair a bhaintear iad?

**17.** An bhfuil córas i bhfeidhm chun dramhaíl phearsanta ar nós ceirteacha glanta agus cuimilteáin úsáidte a chur de láimh i mála bruscair? *Moltar sa Phrótacal go gcuirtear bruscar pearsanta amhail dramhaíl ghlantacháin, ciarsúir srl. i mála dúbailte chun é a stóráil in áit shábháilte go ceann 72 uair a chloig sula gcuirtear amach é sa bhailiúchán ginearálta dramhaíola.*

**18.** Ar chinntigh tú go bhfuil córas i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn fearas glanta, mar chloigne strailleáin agus ceirteacha in-athúsáide, glan sula n-úsáidtear arís iad?

**19.** Ar chinntigh tú go bhfuil córas i bhfeidhm lena chinntiú go bhfolmhaítear fearas mar bhuicéid is go nglantar iad le tuaslagán úr díghalraithe sula n-úsáidtear arís iad?